

Fiosracht Iomaíochas Cumais

Todhchaí Taighde agus
Nuálaíochta na hÉireann
a Rianú

2026–2030



An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education,
Research, Innovation and Science



Clár na nÁbhar

	Brollach – An tAire James Lawless T.D	01
	Réamhrá – Cathaoirleach agus POF	02
1.0	Achoimre fheidhmeach	04
2.0	Intreoir	08
2.0	Taighde in Éirinn Inniu	09
2.1	Gníomhaireacht Nua	13
2.2	Deiseanna Straitéiseacha Roghnaithe	15
2.3	Gealltanas do Pháirtithe Leasmhara	17
2.4	Ráiteas Cuspóra	19
2.5	Iarmhéid	20
2.6	Achoimre Straitéise	21
3.0	Téamaí Tionchair	22
3.1	Tallann: <i>Daoine a Chumhachtú</i>	24
3.2	Geilleagar: <i>Iomaíochas a Neartú</i>	29
3.3	An tSochaí: <i>Réitigh a Spreagadh</i>	34
4.0	An Chonair go dtí an Tionchar	39
4.1	Maoinitheoir Dea-Chleachtais	41
4.2	Tionchar a Luathú – Níos Mó ná Maoinitheoir	47
4.3	Ag Ceangal go hldirnáisiúnta	55
4.4	Cur Chun Feidhme	57
5.0	Aguisín	59



Brollach

An tAire James Lawless TD



James Lawless, TD

An tAire Breisoideachas agus,
Ardoideachais, Taighde,
Nuálaíochta agus Eolaíochta

Tá Éire i láthair ag cor cinniúnach. Inár ndomhan atá ag athrú go tapa, tá an-tionchar ag an taighde agus ag an nuálaíocht - déanann siad geilleagair a athmhúnlú, sochaithe a shaibhriú, agus cuireann siad feabhas ar an gcaoi a maireann daoine. Nuair a infheistimid go misniúil in eolas, i smaointe agus i dtallann ár ndaoine, díghlasálaimid an cumas ár dtodhchaí féin a mhúnlú seachas í a mhúnlú dúinn. Tá rún daingean ag Éirinn seasamh i measc cheannairí an domhain san iarracht seo.

Bunú Taighde Éireann – Is athrú ó bhonn é bunú Thaighde Éireann maidir leis an dóigh a dtacaímid le taighde agus nuálaíocht agus a bhforbraímid iad don Stát. Den chéad uair riamh, tá gníomhaireacht reachtúil aonair ag Éirinn a bhfuil freagracht uirthi as réimse iomlán na ndisciplíní – cumhachtaithe chun barr feabhais a mhaoiniú, daoine agus smaointe a nascadh le chéile, agus an córas taighde agus nuálaíochta a neartú ina iomláine.

Leagtar amach sa straitéis seo an chaoi a gcuideoidh Taighde Éireann le háit na hÉireann a dhaingniú mar phríomhghuilleagar eolais agus scileanna. Is ráiteas soiléir intinne é, a chuireann Taighde Éireann go hiomlán le straitéis eacnamaíoch agus iomaíochais níos leithne an Rialtais, ag obair in éineacht le GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann mar cheann de phríomhghníomhaireachtaí fiontraíochta agus nuálaíochta an Stáit. Cuireann taighde agus nuálaíocht bonn faoi rathúnas na hÉireann amach anseo, faoinár

seasamh idirnáisiúnta, agus faoi fholláine ár ndaoine – ó thaobh an gheilleagair, na sochaí, an chultúir agus an chomhshaoil de.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn le cúig bliana fichead anuas. Ón tús, tá bonn taighde a bhfuil meas domhanda air tógtha againn agus cáil láidir ar thaighde agus ar nuálaíocht. Ach tá an domhan timpeall orainn ag gluaiseacht ar luas neamhghnách. Chun leanúint de bheith iomaíoch, agus chun bheith ar thús cadhnaíochta, ní mór d'Éirinn infheistíocht a dhéanamh anois i mbonneagar agus i dtallann ar scála, agus béim shoiléir á leagan ar an todhchaí.

Cuideoidh Taighde Éireann leis an gcéad chéim eile sin a chur chun cinn. Déanfaidh sé infheistíocht i dtaighde den scoth, cothóidh sé agus meallfaidh sé tallann den chéad scoth, agus neartóidh sé na naisc idir an saol acadúil, an fhiontraíocht, an beartas poiblí agus an tsochaí. Cuirfidh sé cur chuige idirdhisciplíneach chun cinn, cinnteoidh sé go mbeidh meas ar gach disciplín, agus aistreoidh sé smaointe go

tionchar a rachaidh chun tairbhe do dhaoine agus do phobail i ngach cuid den tír.

Tá an straitéis seo ag teacht le Clár an Rialtais, leis an bPlean Forbartha Náisiúnta, le Tionchar 2030, leis an bPlean Gníomhaíochta um Iomaíochas, agus le huailmhianta eacnamaíochta agus nuálaíochta níos leithne na hÉireann. Léiríonn sé tiomantas láidir comhroinnte ar fud an Rialtais chun taighde agus nuálaíocht a chur i gcroílár thodhchaí na hÉireann.

Tá na huailmhianta a leagtar amach anseo ceaptha a bheith uailmhianach. Ní gnéithe breise roghnacha iad an taighde agus an nuálaíocht; is bunchlocha riachtanacha iad de gheilleagar athléimneach, de shochaí chruthaitheach, agus d'Éirinn mhuiníneach, fhorásach.

Tá an-áthas orm tacú leis an straitéis seo agus tacú le Taighde Éireann agus é ag obair le taighdeoirí, institiúidí, fiontair agus pobail chun leas buan a bhaint amach do mhuintir na hÉireann.



Réamhrá

Cathaoirleach agus POF Taighde Éireann



Michael Horgan
Cathaoirleach,
Taighde Éireann



Diarmuid O'Brien
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
Taighde Éireann

Leis an straitéis seo, cuirtear tús le caibidil nua i réimse na taighde agus na nuálaíochta in Éirinn.

Taighde Éireann – Bunaíodh Taighde Éireann chun córas taighde agus nuálaíochta a mbeidh cáil idirnáisiúnta air a fhorbairt – ceann lena gcumhachtaítear tallann, lena n-éascaítear taighde fionnachtana, lena luathaítear nuálaíocht, lena neartaítear ár ngeilleagar, lena dtreisiítear ár sochaí, agus lena soláthraítear tionchar buan d'Éirinn.

Tá an straitéis seo tógtha ar rannpháirtíocht fhairsing ar fud an tsaoil acadúil, na fiontraíochta, an Rialtais agus na sochaí sibhialta, agus leagtar amach inti mar a bheimid inár gceannaire straitéiseach, inár gcomhpháirtí agus inár nascóir don chóras náisiúnta. Léirítear léi uailmhian chomhroinnte maidir le feidhmíocht agus dea-cháil na hÉireann a fheabhsú mar áit inar féidir le taighde agus nuálaíocht déanamh go maith – inár gcathracha,

inár mbailte agus inár réigiúin, agus trí chomhoibriú láidir ar fud an oileáin.

Mar ghníomhaireacht nua, tá Taighde Éireann breá ábalta ról ceannaireachta córais níos leithne a ghlacadh, agus é ag obair i ndlúthchomhpháirtíocht leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, leis an Údarás um Ardoideachas, le Ranna Rialtais eile, agus le gníomhaireachtaí maoiniúcháin taighde agus nuálaíochta.

Maoineoimid taighde fionnachtana den scoth ar fud na ndisciplíní uile, agus oibreoimid go réamhghníomhach ag an am céanna chun nuálaíocht agus tionchar a luathú– ag ceangal taighdeoirí le fiontair, infheisteoirí, lucht déanta beartas agus comhpháirtithe idirnáisiúnta; ag neartú na gconairí ó fhionnachtain go cur i bhfeidhm; agus ag neartú an naisc idir barr feabhais taighde, fás atá faoi threoir na nuálaíochta, agus forbairt réigiúnach. Beimid inár

ngníomhaireacht forbartha don chóras trí bheith níos mó ná bheith inár maoinitheoir: cuideoimid leis na coinníollacha a chruthú faoina dtabharfar tairbhe is mó d'Éirinn leis an taighde agus leis an nuálaíocht.

Tá ár straitéis struchtúrtha thart ar thrí théama tionchair idirnasctha – Tallann, Geilleagar agus Sochaí. Léirítear leo le chéile ár gcreideamh go bhfuil daoine i gcroílár an chórais; go bhfuil nuálaíocht bunaithe ar thaighde riachtanach d'iomaíochas agus do tháirgiúlacht; agus go gcaithfidh an taighde freastal ar leas an phobail ar deireadh.

I gcás taighdeoirí, soláthróimid maoiniú intuatha, ardchaighdeán ar fud na gcéimeanna gairme; tacóimid le dul i bhfiontar, le forbairt eolais, le fiosracht agus le cruthaitheacht; éascóimid tástáil smaointe radacacha nua; agus neartóimid nascacht idirnáisiúnta.



Maidir le fiontair agus fiontraithe, neartóimid comhpháirtíochtaí, feabhsóimid aistriúchán agus tráchtálú, agus cuideoimid leis an gcumas taighde is gá chun cuideachtaí Éireannacha a mhéadú a fhorbairt, leabóimid infheistíocht dhomhanda, agus tacóimid le nuálaíocht agus cruthú post atá fréamhaithe go réigiúnach.

Maidir leis an Rialtas agus leis an tsochaí, cuideoimid lena chinntiú go gcuirfear bonn eolais faoi bheartas le taighde den scoth, agus go gcuirfidh taighde le comhtháthú sóisialta, le saibhriú cultúrtha, leis an bhfolláine náisiúnta, agus le hathléimneacht fhadtéarmach.

Tá an straitéis seo uailmhianach d'aon ghnó. Leis na dúshláin atá le sárú ag Éirinn, ón athrú aeráide agus ón aistriú digiteach go dtí an t-athrú déimeagrafach agus an iomaíocht dhomhanda, éilítear uailmhian, comhoibriú agus tiomantas leanúnach. Tugaimid cuireadh dár bpáirtithe leasmhara go léir a bheith linn chun an clár oibre sin a chur i gcrích. Le chéile, is féidir linn córas taighde agus nuálaíochta a fhorbairt a mbeidh cáil dhomhanda air agus a mbeidh tionchar gníomhach aige ar thodhchaí na hÉireann le muinín agus le cuspóir.





1.0

Achoimre fheidhmeach



1.0 Achoimre fheidhmeach

Le dhá scór bliain anuas, rinneadh Éire a aistriú go suíomh ina bhfuil meas domhanda uirthi i réimse na taighde agus na nuálaíochta. A bhuí le hinfheistíocht straitéiseach leanúnach i mbarr feabhais taighde, tá córas bríomhar cruthaithe lena mbaineann cohórt atá ag méadú de thaighdeoirí a bhfuil oiliúint PhD acu, leibhéil infheistíochta atá ag méadú i dtaighde agus forbairt thionsclaíoch, iomaíochas ardoideachais feabhsaithe, agus an úsáid atá ag méadú as taighde agus nuálaíochta chun tionchar a imirt ar bheartas poiblí.

Tá Éire breá ábalta, le hinfheistíocht agus uailmhian leanúnach, bheith ar cheann de na príomhgheilleagair eolais iar domhan.


Tá bunú Thaighde Éireann ina dtréimhse rítháchtachtach sa turas sin trí shruthanna maoinithe a aontú, rialachas a ailíniú, agus straitéis náisiúnta níos comhtháite a chumasú. Mar mhaoinitheoir náisiúnta taighde agus nuálaíochta, freastalóidh Taighde Éireann ar an bpobal taighde agus beidh *níos ná maoinitheoir i gceist leis freisin*: ceannaire, comhpháirtí agus nascóir straitéiseach a spreagfaidh comhtháthú ar fud speictream iomlán chóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann, agus a sholáthróidh tionchar eacnamaíoch, sochaíoch, comhshaoil agus cultúrtha náisiúnta.

Ár gCuspóir

Córas taighde agus nuálaíochta a bhfuil cáil idirnáisiúnta air a fhorbairt le haghaidh rathúnas mhuintir na hÉireann.

Creat Straitéiseach

Tá **Straitéis Taighde Éireann** deartha timpeall ar thrí théama tionchair idirnasctha: **Tallann, an Geilleagar, agus an tSochaí**. Le chéile, léirítear leis na téamaí sin an dóigh a mbeidh taighde agus nuálaíocht den scoth ar fud réimse disciplíní ríthábhachtach chun iomaíochas eacnamaíoch a chinntiú amach anseo, táirgiúlacht níos airde a bhaint amach, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, agus tacú le rathúnas na hÉireann amach anseo do na glúnta atá le teacht.





01 Tallann

Daoine a Chumhachtú

Le geilleagar iomaíoch, sochaí rathúil, cultúr cruthaitheach, seirbhís phoiblí nuálach, agus córas ardoideachais den scoth, éilítear buíon taighdeoirí oilte, ag gach céim ghairme agus sna disciplíní go léir. Chun an tallann sin a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt, tá Taighde Éireann tiomanta don mhéid seo a leanas: acmhainneacht náisiúnta a fhorbairt sna disciplíní go léir; cothromaíocht chuí a bhaint amach idir ár n-infheistíocht i dtaighde maidir le tionscnaimh théamacha móra agus maoiniú faoi stiúir taighdeora; tábhacht na taighde fionnachtana a aithint agus an spás a éascú chun eolas nua a chruthú; agus cláir bhliantúla a reáchtáil lena soláthrófar deimhneacht dár bpobal taighde chun gairmeacha taighde rathúla a phleanáil agus a fhorbairt. Soláthróimid sraith fheabhsaithe cláir um maoiniú chomh maith le hinfheistíocht athnuaite i saoraidí. Cuirfidh Taighde Éireann ar chumas taighdeoirí leibhéal idirnáisiúnta aitheanta a bhaint amach, agus a bheith ceangailte ar fud an chórais taighde agus nuálaíochta

ar fud an domhain. Cinnteoidimid gur féidir gach clár a cheangal go díreach le feabhas a chur ar chóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann trí thallann taighde na hÉireann a chumhachtú agus a fhorbairt.

02 Geilleagar

Iomaíochas a Neartú

Éilítear le geilleagar athléimneach faoi stiúir nuálaíochta córas taighde a bhíonn ag plé go dinimiciúil le fiontair dhúchasacha agus le cuideachtaí IDC araon lena gcumas nuálaíochta agus lena n-iomaíochas fadtéarmach a fheabhsú. Maoineoidh Taighde Éireann cláir i réimsí atá tábhachtach dár ngeilleagar, ag obair go dlúth le Fiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann, Ranna Rialtais ábhartha, agus comhpháirtithe tionscail chun taighde san earnáil phríobháideach in Éirinn a mhéadú chun scála a bhaint amach agus cáil idirnáisiúnta a bhaint amach.

Ceanglóimid ár dtaighdeoirí agus ár n-institiúidí leis na pobail capitol fiontair agus fiontraíochta freisin. Déanfaimid caidreamh

a ghníomhachtú agus a éascú ar féidir leo dúshlán taighde uailmhianacha a shainiú agus tionchar an taighde a fheabhsú. Beidh ár n-infheistíocht i dtaighde agus i dtallann deartha chun nuálaíocht san earnáil phríobháideach a spreagadh, infheistíocht dhíreach choigríche(IDC) a mhealladh agus a choinneáil, agus tacú le cuideachtaí dúchasacha in Éirinn méadú, cuidithe ag cumas taighde feabhsaithe.

03 An tSochaí

Réitigh a Spreagadh

Téann taighde agus nuálaíocht chun tairbhe na sochaí ar fad. Tabharfaidh Taighde Éireann tús áite don fhorbairt shóisialta trí rannpháirtíocht phoiblí, taighde rannpháirteach, cláir oiliúna, agus ceangail níos láidre idir taighdeoirí, beartas poiblí, agus úsáideoirí agus taibheoirí taighde níos leithne chun feabhsuithe inbhraite ar shaol daoine a bhaint amach. Cuirfidh feabhas ar na sásraí lena chinntiú go mbeidh gcuirfear bonn eolais faoi bheartas poiblí le taighde den scoth. D'fhéadfadh ár neart i dtaighde

sna healaíona agus sna daonnachtaí feidhmiú mar dhifreálaí náisiúnta, rud a neartóidh cumas na hÉireann chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán chasta shochoaíocha. Maoineoidh taighde agus nuálaíocht idirdhisciplíneach lena dtabharfar aghaidh ar na deiseanna agus na dúshlán atá romhainn mar thír – amhail an bithgheilleagar, an tsláinte phoiblí, forbairt eacnamaíoch, fuinneamh, an t-athrú aeráide, tithíocht, bréagaisnéis, agus an laghdú ar mhuinín an phobail.



Príomhtheachtaireachtaí

Tá cuspóir nua ag ár ngníomhaireacht nua – cumas taighde agus nuálaíochta a bhfuil cáil idirnáisiúnta air a fhorbairt d'Éirinn. Déanfaimid infheistíocht i bhforbairt fhadtéarmach chóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann lena chinntiú go mbeidh Éire san iomaíocht le geilleagair bhega forbartha eile.

01

Déanfaimid infheistíocht i réimse na ndisciplíní go léir agus cinnteoidimid go mbeidh Éire ina háit tharraingteach ar fud an domhain chun gairm bheatha taighde a fhorbairt – sa saol acadúil agus níos faide ar aghaidh.

02

Tacóimid le taighde fionnachtana, agus aithnímid a luach maidir le tionchar a imirt ar chumas taighde agus nuálaíochta fadtéarmach na hÉireann. Meallfar coinneofar agus éascófar leis sin taighde agus taighdeoirí den scoth, rud a rachaidh chun tairbhe don Stát.

03

Glacfaimid cur chuige idirnáisiúnta, trínár gcóras taighde agus nuálaíochta a cheangal leis an Eoraip agus leis an gcuid eile den domhan.

04

Soláthróimid an clár Inspire i gcomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus leis an Údarás um Ardoideachas lena chinntiú go soláthrófar bonneagar agus saoráidí taighde iomchuí.

05

Beidh “níos mó ná maoinitheoir i gceist” linn. Beidh ceannaireacht straitéiseach, comhpháirtíocht réamhghníomhach agus ceangail mar chuid den ról forbartha sin. Le dlúth-chomhoibriú agus dlúth-chomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara uile, cuirfear feabhas ar ár gcumas buntáistí suntasacha a sholáthar do gheilleagar agus do shochaí na hÉireann.

06

Conclúid

Tá Taighde Éireann ina shócmhainn straitéiseach don tír. Tacóimid le fás taighde den scoth agus forbairt tallainne eisceachtúla; cuirfimid córas taighde agus nuálaíochta ar fáil a bhfuil cáil idirnáisiúnta air; glacfaimid deiseanna nua go straitéiseach; agus beimid inár gcomhpháirtíocht réamhghníomhach agus stiúrfaimid go réamhghníomhach.

Cinnteoidimid todhchaí rathúil do mhuintir na hÉireann.



1.0 | Achoimre Fheidhmeach

2.0 | Réamhrá

3.0 | Téamaí Tionchair

4.0 | An Chonair go dtí an Tionchar

5.0 | Aguisín


2.0 Intreoir



2.0 Taighde in Éirinn Inniu

Tá athrú suntasach tagtha ar Éirinn le 25 bliain anuas, agus í tagtha chun cinn mar áit a bhfuil meas domhanda uirthi maidir le taighde agus nuálaíocht. Is féidir fianaise ar an athrú sin a fheiceáil trí líon atá ag méadú de thaighdeoirí a bhfuil oiliúint PhD acu atá ag obair sa tionscal agus san earnáil phoiblí, infheistíocht mhéadaithe i dtaighde ón tionscal, ardoideachas níos iomaíche lena mbaineann cumas taighde feabhsaithe, agus an úsáid atá ag méadú as taighde agus nuálaíocht chun tionchar a imirt ar bheartas náisiúnta.

Fíor 1: Cinntí beartais réamhbhreathnaitheacha a rinneadh le 20–25 bliain anuas trínar cruthaíodh córas taighde agus nuálaíochta iomaíoch in Éirinn. A bhí le bunú Thaighde Éireann, is féidir na forbairtí sin a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile.






Ní de thimpiste a tharla an rath sin. Seachas sin, is toradh é ar chuspóir soiléir a chur chun feidhme agus a bhaint amach maidir le hacmhainn agus neart feabhsaithe taighde a fhorbairt i réimsí atá ag teacht le tosaíochtaí fiontraíochta na hÉireann – lena n-áirítear leathsheoltóirí, cógaisíocht, ard-déantúsaíocht, feistí leighis agus teicneolaíochtaí digiteacha – agus feabhas á chur ar acmhainn taighde agus uailmhian ár nInstitiúidí Ardoideachais (IAOnna) ar fud na ndisciplíní uile.

Chuidigh an soiléiriú cuspóra sin le hÉirinn a aistriú ó gheilleagar bunaithe ar sheirbhísí agus ar dhéantúsaíocht go geilleagar eolais ceannródaíoch. Léirítear i bhFíor 2 an t-aistriú sin ar ár gcumas taighde le 20 bliain anuas.


Cé go bhfuil dul chun cinn doshéanta déanta in Éirinn le linn na tréimhse sin, lean geilleagair bheaga forbartha eile (amhail an Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn agus an Ísiltír) le tús áite a thabhairt d'infheistíocht i dtaighde agus i nuálaíocht. Tá an iomaíocht dian agus leanúnach. I gcomparáid leis na geilleagair bheaga forbartha sin, tá bearna shuntasach in infheistíocht Rialtais i dtaighde agus i nuálaíocht, míchothromaíocht idir infheistíocht phoiblí agus phríobháideach, leibhéil níos ísle de chruthú maoinne intleachtúla, agus níos lú feidhmíocht nuálaíochta fós le sárú ag Éirinn (féach Fíoracha 3a–d). Cé go bhfuil Éire ag bogadh sa treo ceart, tá na heasnamh sin ina mbagairt dhíreach anois ar iomaíochas fadtéarmach na hÉireann agus í ag aistriú tuilleadh i dtreo geilleagar bunaithe ar eolas agus go háirithe ag féachaint le geilleagar dúchasach láidir a fhorbairt.




Fíor 2: Athrú ó bhonn ar chóras T&F na hÉireann le 20 bliain anuas (chun tuilleadh eolais a fháil, féach Aguisín 5.2)




Fíor 3a:
Scórchlár Nuálaíochta Eorpach¹




Fíor 3c:
HERD mar chéatadán de GERD³



Fíor 3b:
BERD mar chéatadán de GERD²



Fíor 3d: Iarratais ar phaitinn
(in aghaidh an bhilliúin EUR OTI)⁴



Lasmuigh de na geilleagair bheaga forbartha sin, tá an domhan ag gluaiseacht i ndáil le taighde agus maidir leis an dóigh ar féidir luach eacnamaíoch agus sóisialta áitiúil a ghabháil. I dTuarascáil Draghi, cuirtear taighde agus nuálaíocht chun tosaigh i bhforbairt iomaíochas na hEorpa amach anseo – agus iarrtar infheistíocht dhúbailte sa Chomhairle Eorpach um Thaighde agus sa Chomhairle Eorpach um Nuálaíocht araon.⁵ San Áise, tá an leibhéal infheistíochta i dtaighde ag fás i gcónaí, agus an tSín aitheanta anois trí go leor méadrachtaí mar an príomhnáisiún taighde ar domhan.⁶ Tá clár oibre na *n-ollchumhachta eolaíochta* curtha i gcroílár a straitéise fáis eacnamaíoch ag an Ríocht Aontaithe agus tá tá méadú suntasach á dhéanamh aici ar a gealltanais taighde.⁷

Sa domhan iomaíoch seo, ní mór d'Éirinn a hacmhainní taighde a dhíriú go straitéiseach ar bhonn práinneach chun cuidiú leis an tionchar a uasmhéadú agus

forbairt fhadtéarmach córais taighde agus nuálaíochta a chinntiú atá ábalta dul thar gheilleagair bheaga forbartha eile agus iad a shárú.



“Tá taighde Éireann lárnach i bhforbairt phíblíne tallainne na hÉireann, ó fhorbairt scileanna go taighde ceannródaíoch, ag leabú an chórais taighde agus nuálaíochta atá criticiúil ó thaobh straitéise de agus a theastaíonn chun leanúint de chuideachtaí idirnáisiúnta a mhealladh agus a scálú in Éirinn..”

James O'Connor, Leas-Uachtarán Corparáideach d'Ionad Seirbhíse Oibríochtaí Domhanda Microsoft [agus Ceannaire Láithreáin Microsoft Ireland]



1.0 | Achoimre Fheidhmeach

2.0 | Réamhrá

3.0 | Téamaí Tionchair

4.0 | An Chonair go dtí an Tionchar

5.0 | Aguisín





2.1 Gníomhaireacht Nua

Léirítear le bunú Thaighde Éireann, gníomhaireacht náisiúnta nua maoinithe taighde agus nuálaíochta, an tiomantas is uailmhianaí atá ag Éirinn d'iomaíochas taighde náisiúnta a fhorbairt agus a chinntiú go mbeidh taighde agus nuálaíocht lárnach i bhfolláine eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil fhadtéarmach na hÉireann.⁸

Níl aon teorainneacha disciplíní ag Taighde Éireann, dá bhrí sin, is féidir leis taighde agus tallann taighde níos cruthaithí, níos nuálaí, níos inbhuanaithe agus ardchaighdeán a sholáthar go hiomlánaíoch chun leas mhuintir na hÉireann do na glúnta atá le teacht. Beidh ról ceannródaíoch ag Taighde Éireann i mbaint amach uailmhianta an Rialtais maidir le taighde agus nuálaíocht, mar a leagtar amach i *dTionchar 2030*.

Tá sé de chúram ar Thaighde Éireann an córas taighde agus nuálaíochta a bhfuil clú agus cáil air ar fud an domhain a sholáthar atá riachtanach d'Éirinn lena cuid cuspóirí eacnamaíocha agus sochaíocha fadtéarmacha a bhaint amach.

Déanfaimid an tasc sin trí thacú le straitéisí taighde agus nuálaíochta Institiúidí Ardoideachais na hÉireann agus le huaillmhianta na dtaighdeoirí laistigh de na hinstitiúidí sin. Neartóimid iomaíochas taighde idirnáisiúnta na IAOanna trí infheistíocht a dhéanamh maidir leis na taighdeoirí is fearr a fhorbairt agus a mhealladh, agus trí chinntiú go bhfuil na scileanna, an bonneagar agus na daoine atá riachtanach ag Éirinn chun leas a bhaint as deiseanna náisiúnta agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha na sochaíocha.

Dírítear sa straitéis sin ar chumas taighde feabhsaithe a fhorbairt, an bhearna iomaíochais idirnáisiúnta le geilleagair

bheaga forbartha eile a dhúnadh, agus ar chuidiú le hÉirinn freagairt do na deiseanna straitéiseacha. Tá na deiseanna sin mionsonraithe sa chéad chuid eile.

Déanfaidh Taighde Éireann an méid seo a leanas: an phríomhthallann agus an príomheolas ar fud an domhain atá riachtanach d'iomaíochas fadtéarmach ár dtíre a sholáthar; oibriú gan stad gan staonadh na gníomhaíochtaí taighde sin a aistriú go tionchar; a chinntiú go mbainfear na buntáistí sochaíocha ón taighde amach; agus tacú le huaillmhianta taighde agus nuálaíochta atá ag fás i measc chomhpháirtithe fiontar.

Comhlíonfaimid an sainordú sin le meon comhpháirtíochta agus muid ag neartú ár dtiomantais don bharr feabhais i bhfionnachtain, nuálaíocht agus tallann taighde.




“Is gníomhaireacht straitéiseach d'Éirinn é Taighde Éireann a fhéadfaidh, i gcomhpháirtíocht le hollscoileanna, cur ar chumas na tíre tallann dhomhanda a mhealladh agus a fhorbairt i ngach disciplín agus céim ghairme, ár gcórais taighde agus nuálaíochta a nascadh, comhpháirtíochtaí a thógáil leis an tionscal, iomaíochas na hÉireann a fheabhsú maidir le maoiniú taighde idirnáisiúnta a bhuachan, agus tairbhí a sholáthar don tsochaí.”

An tOllamh John O'Halloran, Uachtarán, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Cathaoirleach, Cumann Ollscoileanna na hÉireann



2.1.1

Taighde den scoth agus tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch a sholáthar d'Éirinn

Tionchar		1831 Rannpháirtíocht Taighdeoirí le Cuideachtaí Ilnáisiúnta
		€5.4bn Cuideachtaí Ilnáisiúnta caite ar T&N
		€1.6bn Fiontair Bheaga & Mheánmhéide caite ar T&N
Barr Feabhais Taighde		€176.4m Infheistíocht ghiarálte ón tionscal agus maoiniú AE
		€589m Maoiniú gearáilte ó Fhís Eorpach lenár n-infheistíocht in IAOanna*
		25 Mac-chuideachtaí a cruthaíodh
		221 Ceadúnais, roghanna agus sannacháin
		€25.4bn Enterprise value of startups led by PhD-graduates; ¼ of total enterprise value of startups in Ireland
Barr Feabhais Taighde		1100 Poist nua iarchéime agus iardhochtúireachta líonta
		19 Deontas ERC Dámhachtainí Faighte
		33 Taighdeoirí is minice a luaitear
		6th Éire rangaithe i dTaighde Tarraingteach Córais idir ballstáit AE
		1.88x Foilseacháin taighdeoirí Éireannacha meán domhanda is airde
		Fíor 4: Taighde den scoth agus tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch a sholáthar d'Éirinn (Léirítear leis na sonraí aschur bliantúil mura sonraítear *Maoiniú Fís Eorpach [2021–2024] gearáilte lenár n-infheistíocht in IAOanna).



2.2 Deiseanna Straitéiseacha Roghnaithe

I dteannta an chomhthéacs dhomhanda, tá lán deiseanna náisiúnta ann ina mbeidh ról straitéiseach ag Taighde Éireann don tír sna cúig bliana atá romhainn. Léirítear samplaí de na deiseanna sin thíos.

Ár gcóras taighde agus nuálaíochta a nascadh

Rinne na geilleagair nuálaíochta is rathúla a gcórais taighde, fiontraíochta agus fiontar a nascadh d'aon ghnó agus go rathúil. Tá an tsamhail sin le feiceáil go soiléir in Golden Triangle na Ríochta Aontaithe (Oxford-Cambridge-London), i mbraislí Bhostúin agus Cheantar an Bhá sna Stáit Aontaithe, agus i Singeapór san Áise. Le déanaí, tá dul chun cinn suntasach déanta ag tíortha Eorpacha amhail an Danmhairg, an tSualainn agus an Eilvéis. Is tasc dúshlánach ach práinneach é na naisc riachtanacha a chruthú idir pobail taighde, acadúla, tionsclaíochta, fiontraíochta agus caipitil fiontair na hÉireann. Agus an cumas taighde atá i bhfeidhm anois á coinneáil ar bun agus á fhorbairt, ní mór do Thaighde Éireann díriú ar ár sócmhainní taighde agus nuálaíochta a nascadh le chéile chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a fheabhsú. Táimid réidh anois chun an ról ríthábhachtach sin a ghlacadh i gcomhar

le chéile ar fud an chórais chun an sprioc sin a bhaint amach.

IDC a leabú tuilleadh agus cuideachtaí Éireannacha a mhéadú

Tá geilleagar na hÉireann fós ag feidhmiú ar leibhéal ceannródaíoch ar bhonn idirnáisiúnta. Chun athléimneacht eacnamaíoch fhadtéarmach a chinntiú, áfach, tá sé riachtanach go mbeadh cothromaíocht eacnamaíoch fheabhsaithe idir infheistíochtaí díreacha coigríche agus fás dúchasach ann. Is é an sprioc an chothromaíocht sin a bhaint amach agus an dá inneall eacnamaíocha á gcoinneáil ar bun agus á bhfás. Toisc ríthábhachtach chun an toradh sin a bhaint amach is ea méadú ar an gcumas taighde agus nuálaíochta. Cuirfidh Taighde Éireann go mór le heagraíochtaí cuideachtaí IDC a leabú tuilleadh agus geilleagar náisiúnta a neartú. Oibreoimid le comhpháirtithe chun tacú le cuideachtaí onnmhairithe Éireannacha fás trí fhorbairt mhéadaithe ar thallann taighde, éascaíocht

a dhéanamh ar mhaoin intleachtúil nua a aistriú chuig gnólachtaí agus tacú le mac-chuideachtaí nua infheistíochta a chruthú.

Feabhas a chur ar an gcothromaíocht idir infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde agus i nuálaíocht

Tá ráta fáis i bhfad níos mó tagtha ar an infheistíocht phríobháideach ná mar atá ar an infheistíocht phoiblí i dtaighde. Léirítear leis an scéal ratha sin an tiomantas atá ag an tionscal don chumas taighde in Éirinn a fhorbairt. De réir mar a fhasann infheistíocht na hearnála príobháidí, beidh gá le faireachán a dhéanamh ar thorthaí na hearnála poiblí chun a áirithiú go leanfaidh siad d'fhás na hearnála príobháidí a chumasú agus go mbeidh siad leordhóthanach dóibh. Tá gá le gníomhaíocht phoiblí straitéiseach; Beidh ról lárnach ag Taighde Éireann maidir leis an tallann ag a bhfuil oiliúint taighde a sholáthar, maidir leis an mbonneagar taighde, agus maidir leis na deiseanna



chun comhoibriú leis an saol acadúil a bhfuil gá leo chun tacú le fás leanúnach na hinfheistíochta príobháidí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (TFN).

Clú agus cáil agus caidreamh idirnáisiúnta na hÉireann a mhéadú

Iarracht dhomhanda is ea an taighde. Is minic a bhíonn na geilleagair taighde agus nuálaíochta is rathúla ar na cinn is ceangailte. Is fíor é sin go háirithe i gcás geilleagair bheaga forbartha. Is féidir le Taighde Éireann feabhas a chur ar an dóigh a bhfuil ár bpobal taighde ceangailte leis an Eoraip, leis an Ríocht Aontaithe, leis na Stáit Aontaithe, agus níos faide i gcéin, trína gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta atá ann cheana agus cinn nua le maoinitheoirí taighde, agus trí cháilíocht ár ngníomhaíochta taighde ar fud na ndisciplíní éagsúla. I gcomhpháirtíocht, cinnteoidimid go dtabharfar aird chuí ar shlándáil taighde. Cuideoidh Taighde Éireann le caidreamh straitéiseach nua a chothú le gnólachtaí

domhanda na hÉireann – ag leanúint le tacaíocht a thabhairt do shreabhadh tallainne, comhoibriú taighde idirnáisiúnta, infheistíocht idirnáisiúnta i dtaighde na hÉireann, agus naisc thrádála fheabhsaithe. Agus muid ag leanúint le tairiscint idirnáisiúnta na hÉireann a fhorbairt, is féidir le taighde ról lárnach a imirt maidir lenár seasamh idirnáisiúnta a athmhúnlú.

Comhtháthú sóisialta a neartú agus an caighdeán beatha a fheabhsú

Caithfidh Éire, amhail gach tír, machnamh a dhéanamh anois ar an dóigh a gcoinnímid agus a bhfeabhsaímid comhtháthú sóisialta agus ardchaighdeán beatha dá muintir. Ag an am céanna, ní mór dúinn freagairt do dheiseanna agus do dhúshláin amhail an digitiú agus an Intleacht Shaorga (IS), éigeandáil dhomhanda aeráide, sláinte phoiblí, tithíocht, slándáil náisiúnta, agus gluaiseacht daoine gan fasach agus muid ag freagairt do dheiseanna agus do dhúshláin amhail an digitiú agus an Intleacht

Shaorga (IS), éigeandáil dhomhanda aeráide, agus gluaiseacht daoine gan fasach. Is dúshlán dúinn uile iad dúshláin iad tithíocht, comhtháthú sóisialta, fuinneamh in-athnuaite, slándáil náisiúnta, sláinte phoiblí, agus oiriúnú don athrú aeráide. Infheisteadh Taighde Éireann i dtaighde lena bhféadfaí tionchar a imirt ar ár mbeartas poiblí, na saineolaithe agus an saineolas a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi chomhrá sochaíoch, agus clár taighde bunaithe ar an tsochaí shibhialta a chruthú.



“Tá Cuan bródúil as a bheith ag obair i gcomhpháirt le Taighde Éireann. Cuirim fáilte roimh uailmhian Taighde Éireann chun mórathrú a dhéanamh ar comhoibriú, ag cur ar chumas taighdeoirí ar fud raon leathan disciplíní aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna práinneacha sochaíocha, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an bhfolláine náisiúnta.”


An Dr Stephanie O’Keeffe, POF, Cuan



2.3 Tiomantas Pháirtithe Leasmhara

Tá Taighde Éireann ina ghníomhaireacht rithabhachtach d'Éirinn, ach ní féidir linn ár dtionchar a bhaint amach ach amháin trí oibriú i gcomhpháirtíocht le mórán príomhpháirtithe leasmhara ar fud an chórais taighde agus nuálaíochta. Táimid tiomanta do bheith inár gcomhpháirtí réamhghníomhach, freagrúil agus uailmhianach dár bpáirtithe leasmhara.

Fíor 5: Tairiscint Thaighde Éireann do pháirtithe leasmhara sa chóras T&Fuile





1.0 | Achoimre Fheidhmeach

2.0 | Réamhrá

3.0 | Téamaí Tionchair

4.0 | An Chonair go dtí an Tionchar

5.0 | Aguisín



2.4 Ráiteas Cuspóra

Córas taighde agus nuálaíochta a mbeidh agus cáil air ar fud an domhain a fhorbairt ar mhaithe le rathúnas mhuintir na hÉireann.

Chun é sin a bhaint amach, beidh ar Thaighde Éireann:

1

Tabhair tús áite do bharr feabhais agus muid ag dámhachtain maoiniú taighde, rud a chinnteoidh an toradh is fearr d'infheistíocht an cháiníocóra.

2

Tacú le taighdeoirí den scoth lena ngairmeacha a chur chun cinn agus chun geilleagar eolais níos leithne a chothú.

3

An pobal taighde agus nuálaíochta a cheangal le fiontair, infheisteoirí, cleachtóirí beartais, agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta, agus cur chuige forbartha á ghlacadh aige.

4

An leas a bhainfear as an taighde a mhaoinímid a uasmhéadú, iomaíochas a chothú san earnáil phríobháideach agus sochaí na hÉireann a neartú.

5

A chinntiú go soláthrófar an timpeallacht, na saoráidí, an bonneagar taighde agus na cláir chuí is gá chun taighde fionnachtana den scoth a dhéanamh.

6

Díriú ar infheistíocht i bhforbairt fhadtéarmach chóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann lena chinntiú go mbeidh Éire san iomaíocht le geilleagair bheaga forbartha eile.



2.5 Cothromaíocht

Lenár gcuispóir a bhaint amach, gheobhaimid cothromaíocht chúramach idir tosaíochtaí iomadúla lena mbaineann. Beidh orainn:

- Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde fionnachtana agus infheistiú á déanamh freisin ar scála mór chun ionaid taighde agus nuálaíochta lena mbeidh seasamh idirnáisiúnta a fhorbairt.
- Infheistíocht a dhéanamh i ngach disciplín, agus taighde idirdhisciplíneach agus trasdisciplíneach araon á n-éascú.
- Tacú le AIONna na hÉireann bheith iomaíoch go hidirnáisiúnta, agus forbairt na nOllscoileanna Teicneolaíochta á cinntiú.
- Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ár dtallainne taighde ag gach céim den ghairm agus a chur ar chumas taighdeoirí maoiniú idirnáisiúnta, agus maoiniú Eorpach go háirithe, a bhuachan.
- Plean náisiúnta bonneagair taighde a chomhsholáthar lena gceartófar an t-easnamh bonneagair aitheanta ó bhlianta beaga anuas, agus ag an am céanna treoirphlean bonneagair taighde a fhorbairt don chéad deich mbliana eile chun iomaíochas fadtéarmach a chinntiú.
- Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde ar féidir leis an tallann taighde agus nuálaíochta a thacaíonn le fás eacnamaíoch na hÉireann amach anseo a fhorbairt.
- Naisc a chruthú lena gceanglaítear ár dtaighdeoirí le taighdeoirí agus bonneagar ceannródaíoch idirnáisiúnta agus lena ndéantar dul chun cinn na hÉireann agus dul chun cinn ár bpiaraí a thagarmharcáil.
- Infheistíocht a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil bonn eolais á chur faoi fhorbairt beartais phoiblí le taighde.
- An pobal taighde agus nuálaíochta a cheangal le fiontair, infheisteoirí, cleachtóirí beartais, earnáil na n-ealaíon agus an chultúir, an tsochaí shibhialta, agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta, agus cur chuige forbartha á ghlacadh.
- Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde lena n-éascaítear fás leanúnach taighde agus nuálaíochta inár gcuideachtaí IDC, agus muid ag tacú le forbairt acmhainne taighde agus nuálaíochta i dtionscal na hÉireann.
- Cothromaíocht a fháil idir infheistíochtaí lena soláthraítear sochair ghearrthéarmacha eacnamaíocha agus sóisialta agus fíis shoiléir chun timpeallacht taighde agus nuálaíochta inbhuanaithe agus iomaíoch ar an leibhéal idirnáisiúnta a fhorbairt.
- Comhpháirtíocht éifeachtach a dhéanamh leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Fiontraíocht Éireann, le GFT Éireann, agus leis an Údarás um Ardoideachas, agus le maoinitheoirí taighde agus nuálaíochta eile.



2.6 Achoimre Straitéise

Cuspóir:

Córas taighde agus nuálaíochta a bhfuil cáil idirnáisiúnta air a fhorbairt le haghaidh rathúnas mhuintir na hÉireann.

Téamaí Tionchair:

Tallann:

Daoine a
a Chumhachtú

Geilleagar

Iomaíochas
a Neartú:

Sibhialta

Réitigh
a Spreagadh

An Chonair go dtí
an Tionchar:

Maoinitheoir

Dea-
Chleachtas

**Níos nó i gceist ná
Maoinitheoir**

Tionchar a
Luathú

**Ag Ceangal
go hldirnáisiúnta**

Cáil
Dhomhanda



1.0 | Achoimre Fhéidhmeach

2.0 | Réamhrá

3.0 | Téamaí Tionchair

4.0 | An Chonair go dtí an Tionchar

5.0 | Aguisín

3.0

Téamaí Tionchair



3.0 Téamaí Tionchair

A bhuí le taighde, eolas, fianaise agus smaointeoireacht chriticiúil den scoth, soláthraítear rogha agus gníomhú níos fearr do thír agus dá muintir agus cinntí á ndéanamh acu. Forbraítear leis cumas ceannasach agus uathriail straitéiseach; agus an éiginnteacht gheopholaitiúil ag méadú, ní raibh sé riamh níos tábhachtaí córas T&F na hÉireann a neartú.


Tá an taighde, agus an tallann a spreagann é, riachtanach do shochaí aibí, rathúil agus do gheilleagar iomaíoch athléimneach.

Tá na trí théama sin (Fíor 6) idirnasctha agus idirspleách. Mar shampla, uasmhéadaítear sochair eacnamaíocha i sochaí atá ag feidhmiú go maith, agus a mhalairt.



“Tá Taighde Éireann rithabhachtach chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht taighde agus nuálaíochta ár n-ollscoileanna teicneolaíochta, rud a chuirfidh ar ár gcumas tionchar claochlaitheach eacnamaíoch agus sochaíoch réigiúnach agus náisiúnta a bhaint amach.”

An tOllamh Veronica Campbell, Uachtarán,
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt



Fíor 6: Trí théamaí tionchair



3.1 Tallann

Daoine a Chumhachtú

Tá clú agus cáil ar Éirinn as a tallann. Éilítear le geilleagar rathúil, seirbhís phoiblí nuálach, agus córas ardoideachais iomaíoch sraith éagsúil taighdeoirí oilte atá spreagtha, tacaithe, agus a bhfuil an spás acu chun eolas nua a leanúint, dul i bhfiontar, smaointe nua a iniúchadh, agus taighde den scoth a dhéanamh. Mar an gcéanna, tá cultúr agus sochaí na hÉireann bunaithe ar chruthaitheacht agus ar thaighde.

Ar fud réimse tosaíochtaí eacnamaíocha na hÉireann (e.g., leathsheoltóirí, eolaíochtaí na beatha, IS/digiteach, teicneolaíochtaí candamacha, ard-déantúsaíocht, Agraibhia, tionscail chruthaitheacha) tá riachtanas amháin ann i gcónaí – riachtanas do thaighdeoirí oilte. Dírítear straitéisí GFT Éireann agus Fhiontraíocht Éireann ar fhás iomlán comhcheangailte de €10 mbilliún i ngníomhaíocht taighde agus nuálaíochta san earnáil phríobháideach, carnach thar shaolré na straitéise seo; beidh gá le níos mó tallann taighde chun an fás sin a bhaint amach. San earnáil phoiblí, beidh eolas nua agus PhDanna agus taighdeoirí oilte ag teastáil mar an gcéanna mar gheall ar an ngá atá ag méadú do ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise. Ar deireadh, beidh gá le taighdeoirí atá iomaíoch ar fud an domhain, atá ceangailte le ceannairí idirnáisiúnta sa taighde agus a sholáthraíonn ardoideachas bunaithe ar thaighde, chun feabhas a chur ar na IAUanna in Éirinn.

Chun go mbeidh ár dtaighdeoirí ábalta dul i mbun taighde sna disciplíní go léir, tá sé ríthábhachtach go gcuirfí na saoraidí cuí ar fáil lena dtaighde a dhéanamh agus bheith iomaíoch ar fud an domhain. Ag obair i ndlúthchomhpháirtíocht leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an leis an Údarás um Ardoideachas, soláthróidh Taighde Éireann athrú ó bhun i soláthar bonneagair taighde, rud a thabharfaidh aghaidh ar threalamh taighde institiúideach agus ar bhonneagar comhroinnte ar scála mór arna dhearadh chun críche comhobrithe tríd an gClár Inspire. Leis an gcur chuige sin, beidh IAUanna ábalta tosaíochtaí náisiúnta agus a straitéisí institiúideacha féin a bhaint amach maidir le forbairt agus nuálaíocht tallainne.

Méadóidh Taighde Éireann a chuid iarrachtaí i bhforbairt na dtaighdeoirí a mhaoinímid, rachaidh sé i gcomhpháirtíocht leis na IAUanna chun baill foirne acadúla

nua a mhealladh, agus a chinntiú go ndéanfar tallann taighde a aistriú go héifeachtach ónár IAUanna chun freastal ar riachtanais eacnamaíocha agus shibhialta.

Leis na gníomhaíochtaí sa téama tionchair seo, beidh Taighde Éireann ábalta a chuspóirí ‘tá níos mó ná maoinitheoir i gceist’ (Fíor 10) a bhaint amach maidir le taighdeoirí den scoth, iomaíochas IAUanna na hÉireann, agus dea-cháil dhomhanda taighde na hÉireann.

Níos mó ná Maoinitheoir Tairbhí d’Éirinn:

01 den Scoth a Mhealladh agus Tacú Leo Taighdeoirí

02 Borradh a Chur faoi Iomaíochas IAUanna na hÉireann

03 Cáil Dhomhanda an Taighde in Éirinn a mhéadú



Gníomhaíochtaí

1

I gcomhpháirtíocht leis na IAOanna, athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcláir PhD-mhaoinithe atá ann cheana agus sraith fheabhsaithe de chláir PhD atá tacaíte ag Taighde Éireann a fhorbairt leis an uailmhian an áit is fearr san Eoraip d'oiliúint PhD a dhéanamh d'Éirinn. Scrúdóimid ár ról maidir le tacú le Máistrí Taighde freisin.

2

Cláir iomaíocha um maoiniú a neartú agus a fhorbairt do thaighdeoirí ó iarrthóirí PhD d'acadóirí atá i ardchéim ghairme, agus tús áite á thabhairt do chomhsheasmhacht agus d'intuathacht, agus tacaíochtaí spriocdhírithe ag gach céim den ghairm. A chinntiú go dtáirgfidh na hinfheistíochtaí sin taighde atá iomaíoch go hidirnáisiúnta – rud a fheabhsóidh cáil dhomhanda na hÉireann.⁹

3

Cláir a fhorbairt a thacaíonn le córas taighde an-oscailte in Éirinn, le soghluaisteacht láidir taighdeoirí idir an saol acadúil, an tionscal agus na seirbhísí poiblí.

4

Taighdeoirí idirnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn ag gach céim ghairme agus, más ciallmhar, an earcaíocht sin a luathú trí chláir um maoiniú a ailíniú le scéimeanna idirnáisiúnta (e.g., an Chomhairle Eorpach um Thaighde).

5

Bonneagar Taighde agus tacaíochtaí eile a sholáthar ionas go mbeidh Éire ina háit inar féidir le taighdeoirí gairm bheatha a bheidh iomaíoch ar fud an domhain a bheith acu.



Príomhtháscairí feidhmíochta

PTF	Sprioc
Líon na PhDanna a maoiníodh	3,800
Líon na gcomhaltaí iardhochtúireachta	2,000
Líon na ndeontas faoi threoir taighdeora	1,000
Líon na ndeontas earcaíochta idirnáisiúnta	30
Líon na bhfoilseachán sa 10% is fearr in aghaidh an mhilliúin duine– Éire	3,300

Cuirfear spriocanna na PFTanna agus spriocanna cainníochtúla eile atá sa doiciméad i bhfeidhm i gcomhar le bearta cáilíochtúla maidir le dul chun cinn. Socraíodh na PTFanna chun an fheidhmíocht reatha a choinneáil ar bun; déanfaimid iarracht feabhas a chur ar fheidhmíocht chun cuspóirí náisiúnta níos uailmhianaí a bhaint amach trí na cuspóirí méadaithe seo a leanas:

Cuspóirí Méadaithe

Bheadh sé ina riosca suntasach d’Éirinn maidir lena cuspóirí eacnamaíocha a bhaint amach mura ndéanfaí dóthain tallann taighde a fhorbairt. Bunaithe ar spriocanna fáis TFN na hearnála príobháidí i straitéisí Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann, measaimid go bhfuil níos mó ná 4,600 taighdeoir breise ag a mbeidh oiliúint PhD ag teastáil ó Éirinn thar shaolré na straitéise seo chun freastal ar riachtanais na hearnála príobháidí; léirítear leis an líon sin ardú suntasach os cionn leibhéil reatha an tsoláthair PhD ó Thaighde Éireann.

Tá sé ríthábhachtach go mbainfidh an córas taighde náisiúnta leas as Fís Eorpach/ Clár Réime 10 agus foinsí maoinithe Eorpacha eile.¹⁰ Oibreoimid i gcomhar le chéile chun cuidiú le sprioc na hÉireann a bhaint amach maidir le €1.5 billiún a fháil ón gclár Fís Eorpach agus díreoimid go réamhghníomhach ar shásraí Eorpacha breise freisin.

Lena chinntiú gur féidir lenár IAOanna dul san iomaíocht ar fud an domhain chun an tallann is gá a mhealladh agus taighde den scoth a dhéanamh, soláthróidh Taighde Éireann, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an leis an Údarás um Ardoideachas Inspire, clár náisiúnta um athnuachan bonneagair taighde ar scála suntasach.¹¹



Cás-Staidéar Píblíne Tallainne na hÉireann a Sholáthar do Cheannaireacht Dhomhanda Cógaisíochta

“Trí shocrúchán tionsclaíoch PhD le APC Ltd. agus VLE Therapeutics, d’oibrigh mé le heolaithe ard-oilte, ildisciplíneacha agus teicniúla, i bhfoirne bithinnealtóireachta, nuálaíochta agus tráchtála.” Tá sé thar a bheith luachmhar do m’fhorbairt ghairme an caidreamh láidir sin a chothú agus uasoiliúint a fháil i réimsí nua agus a fheiceáil conas is féidir le taighde aistriú go luach tráchtála agus tionchar othar ag an am céanna.”

Laura Foley
Ollscoil Luimnigh

A bhuí le cur chuige comhpháirtíochta tionscail nuálaíochta, tá céimithe do ghairm iomaíoch á nochtadh

Is é SSPC, Ionad Taighde Éireann um Chógaisíocht a dhíríonn ar nuálaíocht phróisis agus ar ard-déantúsaíocht, an soláthraí céimithe PhD is mó don tionscal (bith) chógaisíochta in Éirinn.

Tá an-tóir ar thaighdeoirí SSPC; cuireadh oiliúint ar 400 céimí PhD agus tá 70% díobh sin, agus d’aistrigh 40% de thaighdeoirí iardhochtúireachta, isteach sa tionscal go díreach. Go ríthábhachtach, roghnaigh 57% de chéimithe idirnáisiúnta SSPC fanacht in Éirinn, rud a neartaíonn an bonn scileanna náisiúnta go díreach agus a thugann aghaidh ar ghanntanas criticiúil tallainne san earnáil.

Tá ról cheannaireachta ag céimithe i ngnólachtaí domhanda amhail Pfizer agus Eli Lilly agus fiontair dhúchasacha amhail APC Ltd. agus VLE Therapeutics á spreagadh acu. Ba iad céimithe SSPC a chomhbunaigh APC Ltd. in 2011, agus tá sé ina cheannaire domhanda anois i bhforbairt próiseas, i gcomhpháirtíocht

le 8 cinn de na 10 gcuideachta chógaisíochta is mó. Tá €100 milliún infheistithe ag an gcuideachta i gcampas ‘luasaire leighis’ 130,000 troigh chearnach i mBaile Átha Cliath chun cóireálacha le haghaidh ailse, Alzheimers, agus VEID a sholáthar, agus tá sé beartaithe aici méadú go breis agus 600 eolaí, saineolaí digiteach, agus gairmí déantúsaíochta. Tá APC Ltd. agus VLE Therapeutics ag comhinfheistiú €2 mhilliún anois le Taighde Éireann i dtaighde géinteiripe ag NIBRT, agus tá tagarmharc uailmhianach do chuideachtaí eile in Éirinn á leagan síos acu.

Trí thallann a chur chun cinn agus comhpháirtíochtaí ag a bhfuil tionchar a chothú, tá iomaíochas na hÉireann á chinntiú ag Taighde Éireann san earnáil eolaíochtaí beatha go ceann i bhfad.

Comhpháirtithe: Tá SSPC, Ionad Taighde Éireann um Chógaisíocht, á óstáil ag COBÁC.



Cás-Staidéar Tionchar Domhanda sa Mhisean ar mhaithe le Cuntasaíocht san IS



"Tá todhchaí ina dtreoraíonn dínit an duine, an ceartas agus cearta forbairt na hintleachta saorga indéanta. Tá idirphlé leanúnach agus bearta fiúntacha le haghaidh cuntasachta i bhforbairt agus úsáid córas IS ríthábhachtach chun é sin a bhaint amach."

An Dr Abeba Birhane
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Ó Cheimí PhD go duine de na Daoine is Cumhachtaí san IS de chuid Time100

Is taighdeoir cognaíoch den scoth í Abeba in Éirinn agus aithnítear go hidirnáisiúnta é lasmuigh den saol acadúil mar cheannaire i gcuntasacht IS.

Ghlac Abeba páirt i ngrúpa roghnaithe ceannairí domhanda in IS a tháinig le chéile ag Cruinniú Mullaigh IS na Vatacáine in 2025, ina soláthraíodh "The Global Appeal" – an chéad tuarascáil dá leithéid inar iarradh ar cheannairí domhanda, ar lucht déanta beartas, ar an tionscal, ar thaighdeoirí, agus ar an tsochaí ar fad sraith lárnach prionsabal a leanúint lena shocrú conas is fearr is féidir le IS freastal ar an gcine daonna ar fad.

Thosaigh turas taighde Abeba le PhD in Ollscoil Bhaile Átha Cliath le hIonad Bogearraí Lero Thaighde Éireann, i gcás inar nocht sí claontacht dhíobhálach i sonraí oiliúna IS. Mar thoradh air sin, aistarraingíodh 80 milliún Tiny Images, tacar sonraí íomhánna, ó MIT.

Ó shin i leith, bhí Abeba le feiceáil ar liosta Time100 de na daoine is mó

tionchair sa réimse IS in 2023, thug sí comhairle d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, agus tá sí ar Chomhairle Chomhairleach IS Rialtas na hÉireann.

Tá Abeba ina Stiúrthóir i láthair na huaire ar an tSaotharlann Cuntasachta IS, Ionad Adapt Thaighde Éireann, agus leanann a foireann le neamhionannas córasach a cheistiú.

Léiríonn gairm bheatha Abeba ról Thaighde Éireann maidir le tacú le taighdeoirí luathghairme suas go dtí ceannaireacht taighde neamhspleách, rud a chinntíonn go bhfuil an tallann, na scileanna agus na tacaíochtaí ag Éirinn chun tionchar domhanda a bheith aici.

Comhpháirtithe: Coláiste na Tríonóide, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, MacArthur Foundation, Omidyar Group, Luminate Foundation, an Eorpach IS agus na Sochaí, Bestseller Foundation, agus Roinn Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na Ríochta Aontaithe.



3.2 Geilleagar

Iomaíochas a Neartú

Cuirtear bonn faoi gheilleagar athléimneach faoi stiúir nuálaíochta le córas taighde a bhíonn ag plé go dinimiciúil le gnólachtaí Éireannacha, cuideachtaí IDC, gnólachtaí nuathionscanta agus infheisteoirí lena a gcumas nuálaíochta agus a n-iomaíochas fadtéarmach a fheabhsú.

Maoineoidh Taighde Éireann Ionaid náisiúnta fheabhsaithe ar scála idirnáisiúnta.¹² Díreoidh na hIonaid sin agus cláir mhórsála eile go téamach ar réimsí atá rithabhachtach dár ngeilleagar (mar shampla, mar thoradh ar fhhís an Rialtais maidir le cohóirt dochtúireachta mórsála a mhaoiniú in 2018, tá bonn tallainne ag Éirinn ar féidir leo freagairt don deis IS).

Trí infheistíocht a dhéanamh i dtaighde, cruthóimid an mhaoin intleachtúil lena gcuirfear bonn faoi chruthú mac-chuideachtaí agus lena soláthrófar an sreabhadh déileálacha amach anseo le haghaidh infheistíocht caipitil fiontair. Oibreoidh i gcomhpháirtíocht lenár IOAnna agus leis an tionscal chun comhpháirtíochtaí taighde poiblí príobháideacha a chruthú ar scála mór.

Lenár n-infheistíocht i dtaighde agus i dtallann, cuirfear feabhas ar nuálaíocht

san earnáil phríobháideach, meallfar agus coinneofar infheistíocht dhíreach choigríche, agus tacófar le forbairt agus le méadú cuideachtaí dúchasacha in Éirinn.

Tacóidh na gníomhaíochtaí sa téama tionchair seo le cuspóirí ‘tá níos mó ná maoinitheoir i gceist’ (Fíor 10) a bhaint amach maidir le comhoibriú fiontar agus acmhainn nuálaíochta a mhéadú agus fás eacnamaíoch réigiúnach a chatalú.

Níos mó ná Maoinitheoir Tairbhí d’Éirinn:

04 Méadú ar Chomhoibriú Fiontar agus ar Chumas Nuálaíochta

05 Fás Eacnamaíoch Réigiúnach a Chatalú



“Tá Taighde Éireann rithabhachtach do thodhchaí na hÉireann, rud a chumasaíonn forbairt tallainne, maoine intleachtúla agus cumais fiontraíochta lena gcruthaítear le chéile píblíne ardcháilíochta in-infheistithe de seach-chuideachta ollscoile. Beidh na cuideachtaí sin in ann caipiteal fiontair a mhealladh i bpríomhearnálacha, ó shíol go fás, rud a chuirfidh ar a gcumas scála idirnáisiúnta a dhéanamh ó ollscoileanna.”

Elaine Coughlan, Comhbhunaitheoir agus Comhpháirtí Bainistíochta, Atlantic Bridge



Gníomhaíochtaí

1

Clár feabhsaithe um Ionaid Taighde Éireann a sholáthar lena n-éascófar forbairt ionad náisiúnta ar scála idirnáisiúnta i réimsí lena mbaineann tábhacht straitéiseach dár ngeilleagar.

2

Tionscnaimh nua a fhorbairt i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, chun feabhas a chur ar chumas na hÉireann mac-chuideachtaí a dhéanamh de thaighde agus lena chur ar chumas cuideachtaí atá ann cheana méadú a dhéanamh.

3

Cláir chomhpháirtíochta fiontair-acadúla a leathnú trí shamhlacha cómhaoinithe nua agus nuálacha lena méadaítear infheistíocht i dtaighde agus i nuálaíocht, a oibrítear ar scála mór, lena bhfeabhsaítear comhoibrithe acadúla, agus a mbíonn torthaí tionchair intomhaiste ag baint leo. Tá sé ina tosaíocht ríthábhachtach oibriú go comhoibríoch lenár n-Institiúidí Ardoideachais, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Ranna Rialtais ábhartha chun córas taighde agus nuálaíochta gan stró a bheith saoráideach do chomhpháirtithe fiontraíochta a fhorbairt.

4

Oibriú go comhoibríoch le hOllscoileanna, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, agus Ranna Rialtais ábhartha chun cláir (e.g., clár Mhol ARC) a reáchtáil lena nasctar taighde réigiúnach agus sainchúrsaí eacnamaíocha, córais atá sonrach d'fhearainn agus do shíomhanna a fhorbairt, nuálaíocht réigiúnach, fás eacnamaíoch, agus cruthú post ardluacha a spreagadh.

5

A chinntiú go bhfuil cláir i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais scileanna na hearnála príobháidí anois agus amach anseo, lena n-áirítear leibhéil máistrí taighde, PhDanna tionscail, dochtúireachta agus iardhochtúireachta, agus ár bpíblíne tallainne a nascadh ar bhealach níos éifeachtaí le cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn.



Príomhtháscairí feidhmíochta

PTF	Sprioc
Ionaid Taighde fheabhsaithe a fhorbairt – atá i gcomhpháirtíocht ar scála mór le cuideachtaí domhanda agus Éireannacha araon – ar fud na bpríomhearnálacha atá ríthábhachtach do gheilleagar na hÉireann	14
Cómhainithe ag MNCanna mar chéatadán de dheontais ábhartha	36%
Cómhainithe ag FMBanna mar chéatadán de dheontais ábhartha	16%
Comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua ar scála mór (>€10m san iomlán) a éascú idir fiontair agus eagraíochtaí eile agus an pobal taighde.	10
Líon na mac-chuideachtaí gníomhacha arna mbunú ag taighdeoirí nó ionaid atá maoinithe ag Taighde Éireann	50

Cuirfear spriocanna na PFTanna agus spriocanna cainníochtúla eile atá sa doiciméad i bhfeidhm i gcomhar le bearta cáilíochtúla maidir le dul chun cinn. Socraíodh na PTFanna chun an fheidhmíocht reatha a choinneáil ar bun; déanfaimid iarracht feabhas a chur ar fheidhmíocht chun cuspóirí náisiúnta níos uailmhianaí a bhaint amach trí na cuspóirí méadaithe seo a leanas:

Cuspóirí Méadaithe

Baineann iomaíochas eacnamaíoch fadtéarmach na hÉireann le dhá dhúshlán – cuideachtaí IDC a leabú tuilleadh in Éirinn agus cuideachtaí Éireannacha atá faoi stiúir na nuálaíochta níos mó agus níos mó anois a chruthú. Tá Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann ag díriú ar fhás comhcheangailte dar luach €10 mbilliún i ngníomhaíocht taighde agus nuálaíochta san earnáil phríobháideach le himeacht aimsire thar shaolré na straitéise seo.

Is é an uailmhian fhadtéarmach atá luaite ag Fiontraíocht Éireann *go mbeidh cuideachtaí onnmhairiúcháin Éireannacha ina bpríomhspreagthaí i ngeilleagar na hÉireann*¹³. Trína chinntiú go gcoinníonn leibhéil infheistíochta poiblí i dtaighde suas leis an méadú suntasach ar infheistíochtaí príobháideacha i dtaighde, cuirfear cion bunúsach le rath leanúnach maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche a leabú agus fás chuideachtaí Éireannacha a mhéadú.

Ag obair i ndlúthchomhar agus i gcomhar le GFT Éireann, bunóidh Taighde Éireann naisc atá ag méadú i gcónaí idir na príomhchuideachtaí IDC in Éirinn agus IAOnna Éireannacha, rud a leabóidh a ngníomhaíochtaí tuilleadh in Éirinn.

Cinntoidh Taighde Éireann go mbeidh gach deis ag taighdeoirí in Éirinn chun tionchar eacnamaíoch a chruthú go rathúil lena dtaighde. Bainfear an cur chuige sin amach trí fhás ar mhaoiniú cruthúnais coincheapa, trí thacaíochtaí clársceidealta a chur ar fáil lena n-éascófar cruthú cuideachtaí nua, agus trí oibriú i gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann agus Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann chun infheistíocht fiontair idirnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn. Tá tionscnaimh fhéideartha bhreise (m.sh. clár gníomhachtaíthe náisiúnta do mhac-chuideachtaí) san aguisín.



Cás-Staidéar

Ó Fhiosracht go
Tionchar Domhanda

"Téann sé i bhfeidhm orm i gcónaí cé chomh tubaisteach agus is féidir le diagnóis a bheith do dhaoine. Ba mhaith liom dóchas a thabhairt do dhaoine. Ba mhaith liom go mbeadh a fhios acu go bhfuil eolaithe ag obair ar roghanna a d'fhéadfadh cuidiú leo amach anseo."

An tOllamh Luke O'Neill
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Mar thoradh ar infheistíocht i dtaighde fionnachtana, déantar dul chun cinn i gcúram sláinte domhanda

Leis an dúspéis luath a bhí ag Luke O'Neill in idirleicín-1, príomh-mhóilín imdhíonachta, spreagadh tóir ar feadh a shaoil chun athlasadh agus freagairtí imdhíonachta a thuiscint. Is eolaí den scoth é Luke, agus d'fhorbairt sé a ghairm bheatha in Éirinn. Tá clú agus cáil air as a bharr feabhais i dtaighde teorann, as bheith rannpháirteach leis an bpobal, agus as roinnt duaiseanna idirnáisiúnta a bhuachan.

Agus é spreagtha ag paisean don eolaíocht aistriúcháin, rinne Luke tionchar sa saol mar atá le fionnachtana ceannródaíocha óna thaighde san ollscoil. D'éirigh le Luke na milliúin a bhailiú i gcaipiteal dá fhiontair, lena n-áirítear trí mhac-chuideachta bithchógaisíochta Éireannacha – Opsona, Inflazome, agus Sitryx.

Trína chuid oibre, cuireadh oiliúint ar na céadta eolaí, chomh maith le hiarrthóirí drugaí nua féideartha a shainaithint chun réimse leathan

galair uafásacha amhail galar Parkinson, galar Alzheimer, agus dúlagar a chóireáil.

Le dul chun cinn ina shaotharlann a cheangail próitéin ar leith le diaibéiteas Cineál 2, réitíodh an bealach do Inflazome, a fuair Roche níos déanaí. Tá trialacha cliniciúla á ndéanamh anois ar a chuid iarrthóirí drugaí, rud a léiríonn an dóigh ar féidir le taighde na hÉireann bheith chun tosaigh ar fud an domhain agus an cumas leis réitigh sláinte bhunathraitheacha a bhaint amach. A bhuí le tacaíocht Thaighde Éireann ar fud céimeanna éagsúla a ngairmeacha beatha, is féidir le taighdeoirí cosúil le Luke a n-uaimhianta a bhaint amach.

Comhpháirtithe: TCD.



Cás-Staidéar

Fionnachtain a Chur chun Cinn go dtí an Chéad Fhreastalaí Ríomhaire Chandamaigh ar Domhan atá Bunaithe ar Shileacan



“Le Clár Ollúnachta Thaighde Éireann, bhí mé ábalta bogadh go hÉirinn chun foireann saineolaithe a fhorbairt in COBÁC.” Chuidigh tráchtálú an taighde in trí Equal1 le hÉirinn a chur chun tosaigh i dtaighde agus nuálaíocht chandamach domhanda.”

An tOllamh R. Bogdan Staszewski
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Le hinfheistíocht straitéiseach a mheallann tallann den scoth, leagan síos an bonn do bhuaicphointe Equal1

A bhuí le hinfheistíocht i dtaighde teorann, tá Éire ar thús cadhnaíochta i dteicneolaíochtaí na chéad ghlúin eile amhail 5G agus ríomhaireacht chandamach. Earcaíodh Bogdan, a bhí ina ollamh in TU Delft san Ísiltír ag an am, in 2014 chun foireann saineolaithe a fhorbairt in OCBÁC i réimse ina raibh easpa acmhainn taighde ar scála mór ag Éirinn roimhe seo.

Mar thoradh ar an taighde ceannródaíoch sin, bunaíodh mac-chuideachta, Equal1, arna chomhbhunú ag an Dr Dirk Leipold agus Mike Asker. Trí thús a chur leis an gcéad chóras ríomhaireachta candamaí iniompartha ar domhan ar shlis aonair a tháirgeadh, le Equal1, leagadh síos tagarmharc nua do ríomhaireacht chandamach inscálaithe.

Ó 2024 i leith, tá siad i gcomhpháirtíocht leis an bpríomh-mhonaróir sliseanna NVIDIA, agus ó 2026 i leith, tá €73 milliún bailithe acu i maoiniú poiblí agus príobháideach.

Tá comhpháirtíochtaí déanta ag Equal 1 agus an Mol Nuálaíochta Digití Eorpach (EDIH), de chuid CeADAR in OCBÁC do IS chun an phíblíne nuálaíochta d’fhiontair Éireannacha a luathú.

Ón saotharlann go dtí an margadh, cinntíonn Taighde Éireann go bhfuil Éire chun tosaigh i réimse na ríomhaireachta candamaí agus an aistrithe dhigitigh, ag comhlíonadh tosaíochtaí náisiúnta faoi *Thionchar 2030* agus *Quantum 2030*.

Comhpháirtithe/Comhfhaoinitheoirí:
COBÁC, an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, EDIH, CeADAR, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann



3.3 An tSochaí

Réitigh a Spreagadh

Soláthraíonn taighde agus nuálaíocht tairbhe do shochaí na hÉireann ar fad. Leis an taighde a mhaoinímid, cuirfear feabhas ar an tír, treiseofar ár gcultúr, agus feabhsófar ár gcaighdeán beatha. Tabharfaimid tús áite d'aistriú sochaíoch trí bheartas fhianaise-bhunaithe. Maoineoimid taighde agus nuálaíocht a dhíríonn ar na deiseanna agus na dúshláin atá romhainn mar thír: na heolaíochtaí beatha, bithgheilleagar, tithíocht, comhtháthú sóisialta, iomaíochas, athrú déimeagrafach, etc., chomh maith le bagairtí domhanda atá ann amhail an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, agus galair thógálacha, lena n-áirítear ullmhacht do phaindéim agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach. Leis an mbarr feabhais taighde atá chun tosaigh ar fud an domhain a mhaoinímid, cinnteofar go mbeidh tionchair agus tairbhí le sonrú ar fud an domhain.

Le bunú Thaighde Éireann, tugtar deis iontach chun comhoibriú a neartú agus a mhéadú sna disciplín taighde ar fad agus sna hearnálacha ar fad. Le taighde a bhaineann le disciplíní éagsúla, spreagtar agus treisítear tionchar, go háirithe tionchair bheartais agus shoचाíocha. Cuimsímid taighde ildisciplíneach, trasdisciplíneach, idir-disciplíneach agus iar-disciplíneach sa phlé seo. Tá an taighde sin bunaithe ar dhisciplíní láidre aonair; soláthrófar iad sin faoin téama tionchair 'Tallann' thuas.

Le *Tionchar 2030*, geallann Taighde Éireann go spreagfaidh sé taighde idirdhisciplíneach agus lenár gcumas taighde a bhfuil tionchar aige thar theorainneacha disciplíní a mhaoiniú, soláthraítear deiseanna iontacha don tír. Oibreoimid i gcomhpháirtíocht le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí agus maoinitheoirí taighde agus nuálaíochta

chun ár gcláir a fhorbairt agus a sholáthar. Maoiníonn Taighde Éireann taighde agus nuálaíocht a théann chun tairbhe na sochaí. Ní hamháin go roinntear taighde leis an tsochaí; imríonn an tsochaí tionchar air. Aithnímid an gá rannpháirtíocht fiúntach a leabú i gcultúr an taighde, chun bonn eolais díreach a chur faoin taighde atá á dhéanamh. Bíonn taighde rannpháirteach trédhearcach, comhoibríoch agus cuimsitheach, i gcás ina mbíonn páirtithe leasmhara ina gcomhpháirtithe, ní ina bhfaighteoirí éighníomhacha amháin, agus déantar tionchar a thomhas trí athrú sochaíoch agus trí shochair sa saol mar atá. Cuirtear béim i dtaighde rannpháirteach ar chomhchruthú, úinéireacht chomhroinnte agus cinnteoireacht, rannpháirtíocht agus comhpháirtíochtaí, cuimsitheacht, agus cómhálartacht idir taighdeoirí agus páirtithe leasmhara eile.

Tacóidh na gníomhaíochtaí sa téama tionchair seo le cuspóirí níos mó ná maoinitheoir (Fíor 10) a bhaint amach maidir le hathléimneacht na hÉireann a neartú, tionchar a imirt ar beartas fianaise-bhunaithe, léargas ar chórais taighde agus nuálaíochta a sholáthar, agus taighde rannpháirteach a fheabhsú chun sochaí na hÉireann a neartú.

Níos mó ná Maoinitheoir Tairbhí d'Éirinn:

06 **Athléimneacht na hÉireann a Neartú**

07 **Tionchar a Imirt ar Bheartas Poiblí Fianaise-bhunaithe**

08 **Léargas ar Chóras Taighde agus Nuálaíochta Fianaise-bhunaithe a Sholáthar**

09 **Taighde Rannpháirteach a Fheabhsú chun Sochaí na hÉireann a Neartú**



Gníomhaíochtaí

1

Infheistíocht a dhéanamh i neartú acmhainne sna disciplíní ar fad, rud a éascóidh taighde idirdhisciplíneach agus trasdhisciplíneach ina dtugtar le chéile peirspictíochtaí éagsúla, saineolas agus tacaíocht tras-rialtais chun dul i ngleic le príomhdhúshláin shóisialta.

2

Rannpháirtíocht agus comhoibriú le húsáideoirí agus déantóirí taighde níos leithne a neartú amhail fiontair, eagraíochtaí neamhrialtasacha (e.g., eagraíochtaí neamhbhrabúis, carthanais), ár bhForais Chultúrtha Náisiúnta, agus an earnáil ealaíon agus cultúir chun tairbhe níos mó don tsochaí a spreagadh agus a thaispeáint.

3

Gníomhú mar ghníomhaireacht soláthair taighde agus nuálaíochta ar fud an Rialtais agus an comhéadan idir taighdeoirí agus beartas poiblí a neartú chun tacú le cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe.

4

Éire a bhunú mar cheannaire idirnáisiúnta maidir le rannpháirtíocht phoiblí i dtaighde, mar shampla, trí thacaíocht a thabhairt do thaighde rannpháirtíoch pobalbhunaithe agus taighde rannpháirteach (i.e. réimse níos leithne agus níos éagsúla de pháirtithe leasmhara a chuimsiú i bhforbairt, i gcur chun feidhme agus in aschuir taighde).

5

Cláir a leathnú chun tacú le hoiliúint níos éagsúla (e.g., fiontraíocht, nuálaíocht, rannpháirtíocht i mbeartas, taighde rannpháirteach) chun cuidiú le tionchar a uasmhéadú.



Príomhtháscairí feidhmíochta

PTF	Sprioc
Cómhainithe ag comhpháirtithe sochaíocha mar chéatadán de dheontais ábhartha	10%
Dámhachtainí i gcomhpháirtíocht le Ranna Rialtais a dhíríonn ar thionchar sochaíoch	150
Líon na rannpháirtíochtaí idir taighdeoirí atá maoinithe ag Taighde Éireann agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais	1,250
Líon na dtionscnamh de chuid Thaighde Éireann lena dtugtar ár gcóras taighde agus nuálaíochta le chéile	5
Infheistíocht i dtaighde trasdisciplíneach	€650m

Cuirfear spriocanna na PFTanna agus spriocanna cainníochtúla eile atá sa doiciméad i bhfeidhm i gcomhar le bearta cáilíochtúla maidir le dul chun cinn. Socraíodh na PTFanna chun an fheidhmíocht reatha a choinneáil ar bun; déanfaimid iarracht feabhas a chur ar fheidhmíocht chun cuspóirí náisiúnta níos uailmhianaí a bhaint amach trí na cuspóirí méadaithe seo a leanas:

Cuspóirí Méadaithe

Tá ról lárnach le bheith ag Taighde Éireann maidir le haghaidh a thabhairt ar dheiseanna agus ar dhúshlán na hÉireann (e.g., IS, aeráid, tithíocht, geopholaitíocht, daonlathas láidir, slándáil náisiúnta, sláinte phoiblí, tionchar na teicneolaíochta ar an tsochaí, agus bonneagar náisiúnta). Leis an taighde a mhaoinímid agus na taighdeoirí a dtacaímid leo, beidh Éire ábalta na deiseanna sin a thapú agus na dúshlán a réiteach. I bhfianaise scála na ndeiseanna sin, beidh athrú ó bhonn ar ghníomhaíocht chomhoibrithe agus bhróicéireachta, agus méadú ar mhaoiniú taighde, de dhíth chun luach fiúntach a fháil ón taighde.

Déanfaimid dul chun cinn a spreagadh i gcomhréir le Creat Folláine na hÉireann 2025: Tacóidh Taighde Éireann le Rannpháirtíocht Saoránach, Muinín agus Léiriú Cultúrtha; An Comhshaol, an Aeráid agus an Bhithéagsúlacht; Sábháilteacht agus Slándáil; Tithíocht agus an Timpeallacht Thógtha; Eolas, Scileanna agus Nuálaíocht; agus Meabhairshláinte agus Folláine Coirp.

Tá Taighde Éireann réidh le freastal ar riachtanais taighde an Rialtais agus comhoibreoidh sé ar fud an Rialtais lena chinntiú go n-éascófar torthaí feabhsaithe beartais phoiblí le tairbhí ár n-infheistíochta taighde.



Cás-Staidéar

Nuálaíocht a Mhaoiniú chun Astaíochtaí Talmhaíochta a Laghdú



“Leis an tsamhail um maoiniú Deontais, bhíothas ábalta Farm Zero C an feirmeoir a chur i gcroílár an réitigh, agus cuireadh bonn eolais faoin dóigh conas a bhunaíomar ár n-acmhainní laistigh de BiOrbic, rud a raibh tionchar aige ar ár bhfís don tionscadal sin.”

An tOllamh James Gaffey
Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan

Mar gheall ar Thaighde Éireann Éire, tá Éire ina ceannaire domhanda i dteicneolaíocht talmhaíochta inbhuanaithe agus sa bhithgheilleagar, rud a chuidíonn le spriocanna aeráide a bhaint amach.

Tá an talmhaíocht lárnach do gheilleagar na hÉireann, ach is í an fhoinsé is mó d’astaíochtaí gás ceaptha teasa í. Tá réitigh bhunathraitheacha á soláthar ag Ionad Taighde Éireann, BiOrbic, agus ag an am céanna tá sé ag tacú le slándáil bia agus slite beatha tuaithe, rud a chinntíonn go measfaidh na glúnta amach anseo go bhfuil an fheirmeoireacht ina rogha inmharthana agus inbhuanaithe.

D’fhorbair BiOrbic, i gcomhpháirtíocht le Carbery Group, tionscadal suaitheanta ‘Feirm Zero C’ ar fheirm déiríochta 250 acra i gCorcaigh. Le rannpháirtíocht láidir ón bpobal, tá an méid seo a leanas bainte amach acu le chéile:

- Laghdú 27% ar astaíochtaí carbóin ó 2018, ag sárú sprioc na hÉireann maidir le talmhaíocht faoi 2030
- Laghdú 75% ar astaíochtaí meatáin ó sciodair
- Laghdú 40% ar úsáid leasachán sintéiseach

Tá lorg carbóin na feirme 33% faoi bhun an mheáin náisiúnta agus tá a spriocanna bithéagsúlachta cúig bliana chun tosaigh ar an sceideal.

Le hinfheistíochtaí Thaighde Éireann, léirítear an acmhainneacht atá ann maidir le taighde agus nuálaíocht a dhéanamh chun go mbeidh Éire ábalta ár spriocanna aeráide a bhaint amach.

Comhpháirtithe/Comhghaoinitheoirí: Ionad Taighde Éireann um Bithgheilleagar, BiOrbic, Eastáit Shinagh, Dairy Research Ireland, OTM, Teagasc, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, COC, COBÁC. Tá Farm Zero C cómhaoinithe ag Carbery Group agus AIB.{1



Cás-Staidéar

Teanga mar Chonair chun Ceartais agus Leighis



“Ní féidir linn eispéiris san am atá thart a athrú, ach is féidir lenár dtaighde tionchar a imirt ar fhreagairt an phobail do na heispéiris sin – beartas nua a chruthú, agus tacú le guthanna na n-íospartach a chloisteáil agus stiogma a laghdú.”

An tOllamh Caroline McGregor
Ollscoil na Gaillimhe

Tá taighde ar na daonnachtaí lárnach chun aghaidh a thabhairt ar oidhreacht an tráma institiúidigh

Tá sé de dhualgas morálta ar shochaí aibí aghaidh a thabhairt ar éagóir agus ar idirdhealú stairiúil. Mar éascaitheoirí neodracha iontaofa, tá ról ríthábhachtach ag taighdeoirí maidir le hinsintí díobhálacha a cheistiú agus tacú le leigheas. Leis an tionscadal Teanga, Téarmaíocht agus Ionadaíocht, faoi stiúir taighdeoirí in Ollscoil na Gaillimhe, athraíodh an t-idirphlé poiblí maidir le hinstitiúidí ar a dtugtaí ‘Árais Máithreacha is Leanaí’ go stairiúil.

D’oibrigh na taighdeoirí go díreach leo siúd a bhí bainteach leis na hinstitiúidí chun tuiscint a fháil ar an dóigh a mbíonn tionchar ag teanga ar chuimhne, ar fhéiniúlacht agus ar dhínit, agus ar an dóigh a bhféadann sí stiogma a bhuanú.

Ina dtuarascáil in 2023, leagadh béim ar an masla mothúchánach agus síceolaíoch a bhaineann le teanga a úsáid go stairiúil, agus tugtar treoir shoiléir, eolasach maidir le húsáid as teanga mheasúil atá íogair ó thaobh

comhthéacs de sna meáin, i mbeartas, in oideachas agus sa saol poiblí.

Leis an staidéar, cuireadh bonn eolais faoi fhreagairt an Rialtais do *Thuarascáil Deiridh an Choimisiúin um Imscrúdú ar Árais Máithreacha agus Leanaí*, agus an ról ríthábhachtach a d’fhéadfadh a bheith ag taighde maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta shoचाíocha á thabhairt chun suntais. Leagadh síos caighdeán leis an obair sin le haghaidh idirphlé poiblí measúil bunaithe ar thaithí saoil.


Tá an taighde sin, atá tacaithe ag Taighde Éireann, ar cheann de mhórán tionscadal sa dlí, sa stair agus sna daonnachtaí a raibh tionchar aige ar fhreagairt na hÉireann maidir le haghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid stairiúil institiúideach.

Comhpháirtithe: Ionad Taighde Leanaí agus Teaghlach UNESCO in Ollscoil na Gaillimhe agus Fóram Comhoibíoch d’Iar-Chónaitheoirí na nÁrais Máithreacha agus Leanaí. Comhúdaraithe ag an Ollamh Caroline McGregor, an Dr Carmel Devaney, an Dr Sarah-Anne Buckley. Cómhainithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.



4.0

An Chonair go dtí an Tionchar






4.0 An Chonair go dtí an Tionchar

Chun an straitéis seo a chur i gcrích, beidh Taighde Éireann:

ina mhaoinitheoir solúbtha agus nuálach a leanfaidh an dea-chleachtas idirnáisiúnta; chuirfidh sé dlús le tionchar trí níos mó a bheith i gceist leis na gníomhaireacht mhaoiniúcháin; agus soláthróidh sé straitéis taighde idirnáisiúnta d'Éirinn.



Fíor 7: An Chonair go dtí an Tionchar



4.1 Maoinitheoir Dea-Chleachtais


4.1.1 Prionsabail – Lena gCuirtear Bonn faoinár Maoiniú Taighde

Úsáidfear na prionsabail seo a leanas chun cur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí maoiniúcháin uile Thaighde Éireann a threorú. Dearbhaíodh na prionsabail sin i ndiaidh próiseas comhairliúcháin fairsing le páirtithe leasmhara.



Barr Feabhais

Le taighde den scoth, cruthaítear agus uasmhéadaítear tionchar. Spreagfaimid barr feabhais taighde trí dhea-chleachtas domhanda a chur chun feidhme i measúnú agus meastóireacht taighde agus nuálaíochta.¹⁴




Comhionannas, Éagsúlacht, agus Cuimsiú

Feidhmíonn foirne éagsúla níos fearr agus spreagann siad barr feabhais taighde. Cinnteoidimid go mbeidh gach colún comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta (EDI) leabaithe sa chóras maoinithe taighde, mar chuid de chultúr taighde níos leithne, níos cuimsithí agus níos solúbtha, rud a chinntíonn na torthaí is fearr do thaighde agus don tsochaí.




Taighde Oscailte

Is cumasóir ríthábhachtach nuálaíochta agus tionchair é a chinntiú go bhfuil gach aschur taighde (lena n-áirítear foilseacháin taighde agus sonraí gaolmhara) inrochtana go héasca do chách. Mar eagraíocht atá maoinithe ag an gcáiníocóir, tá oibleagáid ar Thaighde Éireann a chinntiú go bhfuil rochtain ag an bpobal ar aschuir taighde a eascraíonn as ár maoiniú. Tacóimid freisin le córas cumarsáide scolártha inbhuanaithe agus cothrom a chruthú d'Éirinn.



Simpliú

Trí ailíniú agus comhtháthú a mhéadú ar fud an chórais náisiúnta taighde agus nuálaíochta, déanfar próisis iarratais agus próisis eile a chuíchóiriú. A bhuí le córais iarratais agus iardhámhachtana ar líne níos éifeachtaí, beidh taighdeoirí agus comhpháirtithe ábalta an méid ama a chaitheann siad ar an taighde a uasmhéadú agus maorlathas na dtaighdeoirí a laghdú.



Inbhuanaitheacht

Caithfidh córais taighde agus nuálaíochta a gcion féin a dhéanamh chun freagairt don cheist is tábhachtaí dár linne. Cinnteoidh Thaighde Éireann go ndéanfar agus go soláthrófar na gníomhaíochtaí a mhaoinímid ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbeimid i gceannas ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le dea-chleachtas a fhorbairt agus a chur chun feidhme.



Muinín

Tríár dtrédhearcacht agus ár gcumarsáid oscailte a mhéadú, cuirfear muinín i dTaighde Éireann agus feabhsófar an dóigh a bpléann taighdeoirí agus comhpháirtithe linn, rud a thacóidh le taighde ar chaighdeán níos airde agus a uasmhéadóidh an tionchar.



4.1.2 Ár dTiomantas don Phobal Taighde


Cothromaíocht a choinneáil idir gairmeacha taighde agus nuálaíochta atá faoi stiúir taighdeoirí agus atá sainithe go téamach chun réimse leathan tionchar a bhaint amach agus soláthar leathan acmhainne taighde a chinntiú.

Tairseach íosta infheistíochta i réimsí disciplíní a chinntiú. Ní uasteorainn atá sa tairseach sin ach gealltanas bunúsach atá inti go bhfuil luach ag gach réimse agus go dtacófar le taighde den scoth.

Gairmeacha bliantúla a chur chun feidhme a bheidh ar oscailt do gach disciplín i gclár atá lárnach d'acmhainn agus do chumas phobal taighde na hÉireann. Áirítear leis sin, glaonna a thacaíonn le Taighdeoirí, iarchéimithe, agus taighdeoirí luathghairme. Reáchtálfaimid gairmeacha freisin le haghaidh clár mórsála tábhachtach (amhail Ionaid Taighde) ar sceideal rialta, intuartha, rud a chinnteoidh go ndéanaimid cumarsáid go luath agus go minic leis an bpobal.

Na céimeanna deiridh de chomhtháthú Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) agus na Comhairle Taighde in Éirinn a chríochnú, clár stairiúla a dhúnadh, ár bpróisis agus ár dtairiscintí clársceidealta a chuíchóiriú agus a shimpliú faoi dheireadh 2026. Déanfaimid an próiseas seo i gcomhairle leis an bpobal taighde.

Cothromaíocht Infheistíochta Taighde a Choinneáil:



Fíor 8: Déan taighde ar mhiondealú phunann reatha Thaighde Éireann, lena n-áirítear miondealú réimse reatha na punainne faoi stiúir Taighdeora amháin. Figiúirí réamhchéime/táscacha amháin.



Tacóidh cláir le haghaidh taighde faoi stiúir taighdeora le bonn leathan barr feabhais sna disciplíní uile. Is é an ghné shainiúil de na cláir sin go mbeidh srianta teoranta ar an iarratasóir agus go mbeidh sé/sí ábalta togra a chur chun cinn a bheidh dírithe ar a n-ábhar taighde is ansa leis/léi. I measc na gclár a thagann faoin gcatagóir sin tá, mar shampla, Clár Taighdeoirí atá forbartha agus scéimeanna Rialtas na hÉireann atá forbartha.

Saineofar cláir thaighde théamacha laistigh de Thaighde Éireann agus trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara córais, agus is é an aidhm a bheith acu go minic comhchruinniú infheistíochta a chruthú i réimsí ina bhfuil gá náisiúnta sainithe a bhaineann leas as ár mbuntáistí a bhaineann le gilleagar beag forbartha. I measc na gclár a thagann faoin gcatagóir sin tá Ionaid Taighde Éireann, mar shampla.

Sa dá shruth, samhlaímid gurb é an barr feabhais an critéar cinntitheach agus go mbeidh réimse tionchair ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha ann.

Tá cothromaíocht idir taighde faoi stiúir taighdeora agus taighde téamach i gcaiteachas bliantúil chroíbhuiséid Thaighde Éireann (féach Fíor 8); coinneoidimid an chothromaíocht sin feasta. Spreagfar taighde a bhaineann le disciplíní iomadúla. Déanfar é a thaifeadadh i gcoinne ceachtar catagóir de réir mar is iomchuí don chlár.

Lena chois sin, socróimid tairseacha íosta (féach Tábla 1) do chláir faoi stiúir taighdeora (a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn ilbhliantúil) chun leibhéal comhsheasmhach infheistíochta a chinntiú i ngach réimse. Baineadh úsáid as an gcur chuige sin go hidirnáisiúnta chun cothromaíocht a éascú idir intuarthacht agus solúbthacht,

agus tá na tairseacha ailínithe le cuir chuige a sainathnódh trí thagarmharcáil idirnáisiúnta (e.g., cláir sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas).¹⁵ Leis an gcur chuig sin, is feidir leis an pobail taighde éagsúla dul i mbun plé le Ranna Taighde freisin. Éire maidir leis an gcuma is fearr a bheadh ar an dáileadh infheistíochta dá dtaighde.

Réimse ¹⁶	Tairseach Íosta
Eolaíocht na Beatha	25%
Eolaíochtaí Sóisialta agus Daonnachtaí	13%
Eolaíochtaí Fisiceacha agus Innealtóireacht	25%

Tábla 1: Íosleibhéil infheistíochta in aghaidh an réimse a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn ilbhliantúil i gclár faoi stiúir taighdeora amháin.

Leis an lamháil atá fágtha os cionn na dtairseacha íosta sin, beidh an méid seo a leanas ar fáil:

- Tograí amuigh in aon réimse chun dul san iomaíocht do mhaoiniú gan aon srianta, agus
- Fás gníomhaíochta nua faoi stiúir taighdeora i gcomhairle leis an bpobal taighde.

Coinneoidimid an cur chuige sin faoi athbhreithniú agus cuirfimid aon athruithe in iúl go soiléir don phobal.



4.1.3 Tairiscint Clár

Teastaíonn timpeallacht atá iomaíoch go hidirnáisiúnta ó thaighdeoirí den scoth na hÉireann chun a gcuid oibre a chur i gcrích. Sa rannóg seo leagaimid amach na cineálacha clár a chuirfimid ar fáil.

Rinneadh próiseas comhairliúcháin fairsing le páirtithe leasmhara sa chéad leath de 2025 chun cur le forbairt straitéis Thaighde Éireann. Sa chomhairliúchán, sainithníodh croíchláir chriticiúla chomh maith le deiseanna clársceidealaithe nua agus sásraí nua soláthair. Níl ach sampla curtha ar fáil anseo. Déanfaimid mionscrúdú ar na féidearthachtaí sin le linn thréimhse na straitéise i gcomhpháirtíocht lenár n-institiúidí ardoideachais, gníomhaireachtaí fiontraíochta, maoinitheoirí eile, agus Ranna Rialtais. Geallaimid go gcuirfimid cuid de na tionscnaimh sin i gcrích, agus oibreoimid le páirtithe leasmhara agus leis an Roinn Breisoideachais agus

Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun deiseanna a aithint chun infheistíocht a fhás lena mbaineann leas as lánacmhainneacht na gclár sin, agus an tionchar breise is féidir linn a bhaint amach ar fud an chórais taighde agus nuálaíochta á uasmhéadú. D'fhéadfaí gach ainm cláir atá ar fáil (Fíor 9) a athrú agus a athbhrandáil.

Clúdaíonn roinnt tionscnamh níos mó ná téama tionchair amháin ach chun críocha léirithe sanntar iad do chatagóir amháin. Tá tuilleadh sonraí faoinár gcláir reatha agus nua, agus a sceideal, in aguisín 5.1.

Fíor 9: Léiriú ar thairiscint fhéideartha chlár Taighde Éireann.

Geilleagar

Moil ARC

Comhpháirtíochtaí
straitéiseacha

Comhaltaí

Ionaid Taighde

Clár Náisiúnta um
Ghníomhachtú Mac-
Chuideachtaí

Deontais um Ghníomhachtú

Ollamh Cleachtais

PhD+1

An Eoraip ERC, MSCA

Cláreagrú Creata

Comhpháirtíochtaí

Rannpháirtíocht/Beartas

Idirnáisiúnta

Tallann

Sraith Scéimeanna

Dochtúireachta

Conair

Taighdeoirí

Tallann Dhomhanda Éireann

 **Taighde Éireann**
Research Ireland

Inspire

Bonneagar

An tSochaí

Maoiniú Dúshlán/Misean

Rannpháirtíochta Phoiblí

Beartas Poiblí

Tionscnamh faoi stiúir AHSS

Taighde Rannpháirteach
& Idirdhisciplíneach

Meitea-thaighde

“Inchinn Straitéiseach”

Fadbhreathnaitheacht



4.1.4 Tionchar Taighde

Tacóidh an taighde atá maoinithe ag Taighde Éireann le tairbhe bhunathraiteach d'Éirinn. Is é ár n-aidhm an tionchar a eascróidh as an taighde a mhaoinímid a uasmhéadú. Glacfaimid cur chuige cumasúcháin agus comhpháirtíochta maidir le bheith ag obair leis na sealbhóirí deontas agus ag plé le páirtithe leasmhara eile (e.g., fiontair, fiontraithe, cleachtóirí beartais phoiblí, an tsochaí shibhialta) chun glacadh agus úsáid torthaí taighde a spreagadh.

Déanfaimid ár bpunann taighde a bhainistiú go réamhghníomhach chun freastal ar riachtanais náisiúnta agus chun deiseanna náisiúnta a thapú. Méadófar tionchar leis an mbainistíocht ghníomhach sin.

Leathnóimid ár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí chun taighde rannpháirteach a áireamh, rud a mhéadóidh tionchair shochaíocha an taighde a mhaoinímid.

Tacóidh taighde le haghaidh cláir bheartais le dul chun cinn láidir na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir le taighdeoirí a bhaineann le beartas agus cleachtóirí beartais náisiúnta agus áitiúla a nascadh, rud a spreagfaidh tionchar sochaíoch.

Maidir lenár gcláir faoi stiúir taighdeora, bogfaimid i dtreo tuiscint nuashonraithe ar thionchar, agus ar a laghad beidh tionchar ag tallann taighde trí oiliúint a chur ar mhic léinn PhD agus a chinntiú go n-aithnímid an tábhacht a bhaineann le taighde fionnachtana agus le heolas nua a chruthú. Forbróimid creat tionchair nua agus cuimsitheach do Thaighde Éireann a fhreastalóidh ar gach gníomhaíocht taighde, gach disciplín, agus gach tionchar féideartha. Forbróimid an creat i gcomhairle le hionadaithe ó gach grúpa páirtithe leasmhara agus agus faoi threoir réimse leathan aschuir agus torthaí taighde, lena n-áirítear, mar shampla, tallann taighde oilte, comhpháirtíochtaí tionscail, maoin intleachtúil, comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, maoiniú gearáilte, maoiniú Eorpach, agus socrú beartais phoiblí.

Oibreóimid leis na taighdeoirí uile a fhaigheann maoiniú chun tacú le conas a d'fhéadfadh a gcuid taighde tairbhiú d'Éirinn a chur in iúl ar bhealach níos fearr, bíodh sé sin trí oiliúint, tionchar díreach eacnamaíoch, ábharthacht beartais, nó tionchair chultúrtha, chomhshaoil agus shochaíocha.






1.0 | Achoimre Fheidhmeach

2.0 | Réamhrá

3.0 | Téamaí Tionchair

4.0 | An Chonair go dtí an Tionchar

5.0 | Aguisín





4.2 Tionchar a Luathú Níos mó ná Maoinitheoir

Tá réimse deiseanna roimh Éirinn ar féidir iad a éascú trí thaighde agus nuálaíocht. Ní mór do Thaighde Éireann, mar ghníomhaireacht nua, a chinntiú go réamhghníomhach go mbainfidh an náisiún tairbhe as ár n-infheistíocht taighde.

Ní leor níos mó den rud céanna a dhéanamh. Is é ár cuspóir follasach: córas taighde agus nuálaíochta a mbeidh agus cáil air ar fud an domhain a fhorbairt. Chun go n-éireoidh linn beidh orainn ár dtuiscint ar ról maoinitheora taighde a athshocrú, oibriú ar bhealach difriúil, agus bheith inár ngníomhaireacht forbartha don chóras taighde agus nuálaíochta.

Beimid inár gceannaire straitéiseach, inár gcomhpháirtí agus inár nascóir, ag obair leis an bpobal taighde, leis an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, agus leis an tsochaí i gcoitinne, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tógfaimid ar bhuntáistí gheilleagar beag na hÉireann maidir le lúth, solúbthacht, nascacht agus freagrúlacht. Cuirfimid an córas náisiúnta taighde agus nuálaíochta chun cinn, rud a chuirfidh bonn faoin gcur chuige uile-Rialtais níos déine, chun cuspóirí nuálaíochta a bhaint amach (e.g., de réir thuarascáil Draghi) agus tairbhe níos mó a sholáthar d'Éirinn.

Éilítear le rath dlúth-chomhoibriú agus dlúth-chomhpháirtíocht le hInstitiúidí Ardoideachais, an tionscal, gnólachtaí nuathionscanta, infheisteoirí, fiontraithe, gníomhaireachtaí fiontraíochta agus

maoiniúcháin, lucht déanta beartas, earnáil na n-ealaíon agus an chultúir, agus an tsochaí shibhialta.


Cothóimid caidreamh straitéiseach agus comhoibríoch agus ceanglóimid an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach leis na taighdeoirí is fearr in Éirinn ar scála mór agus le cuspóir comhroinnte.

Cuirfimid béim faoi leith ar na deiseanna agus na dúshláin d'Éirinn a sainaitníodh sa réamhrá:

- Ár gcórais taighde agus nuálaíochta a nascadh
- Cuideachtaí Éireannacha a thosú agus a mhéadú, agus feabhas a chur ar an dóigh a ndéanaimid infheistíocht dhíreach choigríche a leabú.
- Feabhas a chur ar an gcothromaíocht idir infheistíocht

phoiblí agus phríobháideach i dtaighde agus i nuálaíocht

- Clú agus cáil agus caidreamh idirnáisiúnta na hÉireann a mhéadú.
- Comhtháthú sóisialta a neartú agus an caighdeán beatha a fheabhsú.





4.2.1 An Tairbhe d'Éirinn a Uasmhéadú

01
Taighdeoirí den Scoth a
Mhealladh agus Tacú leo

02
Borradh a Chur faoi lomaíochas
IAOnna na hÉireann

03
Cáil Dhomhanda an Taighde
in Éirinn a Mhéadú

04
Méadú ar Chomhoibriú Fiontar
agus ar Chumas Nuálaíochta

05
Fás Eacnamaíoch
Réigiúnach a Chatalú

06
Athléimneacht na hÉireann
a Neartú

07
Tionchar a Imirt ar Bheartas
Poiblí agus ar Chleachtas
Fianaise-bhunaithe

08
Léargas ar Chóras Taighde agus
Nuálaíochta Fianaise-bhunaithe
a Sholáthar

09
Taighde Rannpháirteach a
Fheabhsú chun Sochaí na
hÉireann a Neartú



4.2.1 An Tairbhe d'Éirinn a Uasmhéadú

01 Taighdeoirí den Scoth a Mhealladh agus Tacú leo

A chinntiú go bhfuil bonn taighdeoirí atá iomaíoch ar fud an domhain ag Éirinn, arna bhforbairt go háitiúil agus arna n-earcú go hidirnáisiúnta, rud a spreagfaidh fás eacnamaíoch agus a thabharfaidh aghaidh ar dhúshláin shochoaíocha. Chun déanamh amhlaidh, rachaimid i **gcomhpháirtíocht le** AIONna chun tacú le gairmeacha taighde éagsúla, dinimiciúla agus timpeallacht mhealltach a chur fáil do thaighdeoirí domhanda.

02 Borradh a Chur faoi Iomaíochas IAOnna na hÉireann

Trí infheistíochtaí straitéiseacha i dtaighdeoirí, i mbonneagar agus i ngairmithe bainistíochta taighde, tacóidh Taighde Éireann le AIONna chun straitéisí taighde uathúla a chur chun feidhme agus oideachas atá bunaithe ar thaighde a sholáthar. Ar an dóigh sin, cuideoidh Taighde Éireann le IAOnna a leibhéal uailmhéine a ardú agus díriú níos mó ar láidreachtaí taighde, rud a fhágfaidh go mbeidh siad níos iomaíche go hidirnáisiúnta.

03 Cáil Dhomhanda an Taighde in Éirinn a Mhéadú

Rachaimid i **gcomhpháirtíocht** leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (RGET) chun tairiscintí taighde agus nuálaíochta na hÉireann a chur in iúl go hidirnáisiúnta, comhpháirtíochtaí láidre san Aontas agus ar fud an domhain a chothú, agus Éire a shuíomh mar cheann scríbe iontaofa rogha le haghaidh taighde agus nuálaíochta. Trí sin a dhéanamh, cuirfimid an *Plean Gníomhaíochta maidir le hÉagsúlú an Mhargaidh* chun cinn. Meallfaidh na gníomhaíochtaí sin taighdeoirí den scoth agus infheistíocht isteach, rud a fheabhsóidh iomaíochas agus dea-cháil dhomhanda chóras taighde na hÉireann.



4.2.1 Maximising Benefit to Ireland

04

Méadú ar Chomhoibriú Fiontar agus ar Chumas Nuálaíochta

I gcomhpháirtíocht le GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann, déanfaimid gníomhaíocht agus torthaí taighde atá maoinithe go poiblí a **nascadh** le gnólachtaí, fiontair shóisialta, infheisteoirí agus fiontraithe chun iomaíochas a chothú, nuálaíocht a threisiú agus gníomhaíocht taighde phríobháideach a fhás. Méadóimid scála an taighde san earnáil acadúil arna mhaoiniú ag an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear coigeartuithe ar an gcreidmheas cánach T&F a mholadh chun an ghníomhaíocht sin a dhreasú. Trí chomhoibriú agus comhtháthú a ghníomhachtú ar fud an tsaoil acadúil, an tionscail, agus an chórais nuálaíochta níos leithne, meallfaimid agus leabaímid infheistíocht isteach, tacóimid le fiontair dhúchasacha, soláthróimid riachtanais tallainne agus scileanna, agus forbróimid meon tionchair le chéile – rud a shuífidh Éire mar cheannaire domhanda i nuálaíocht atá dírithe ar thaighde chun tairbhe eacnamaíoch agus shochaíoch araon.

05

Fás Eacnamaíoch Réigiúnach a Chatalú

Cláir a fhorbairt (e.g., clár Mhol ARC) lena **nasctar** taighde réigiúnach agus sainchúrsaí eacnamaíocha, lena bhforbrófar córais atá sonrach d'fhearainn agus do shíomhanna, lena spreagfar nuálaíocht réigiúnach, fás eacnamaíoch, agus cruthú post ardluacha. I ndlúth-chomhpháirtíocht leis na hOllscoileanna Teicneolaíochta agus ollscoileanna sna réigiúin, cuirfimid le hacmhainn agus le cumas taighde agus nuálaíochta i réigiúin shonracha, ag tógáil ar na coincheapa ó thaighde áitbhunaithe. Bainfimid an fás sin amach i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann.

06

Athléimneacht na hÉireann a Neartú

Déanfaidh an cumas taighde chun freagairt do dhúshláin phráinneacha anois agus amach anseo a **fhorbairt**, amhail aeráid, tithíocht, bonneagar poiblí, iompar, sláinte phoiblí, muinín an phobail, cibearshlándáil, agus tosaíochtaí agus rioscaí náisiúnta agus domhanda atá ag teacht chun cinn. Forbróimid acmhainn freisin i réimsí atá réidh don todhchaí amhail IS agus teicneolaíocht chandamach, agus laistigh d'earnálacha amhail na tionscail chruthaitheacha, an bhithgheilleagar, agus eolaíochtaí ba beatha.



4.2.1 Maximising Benefit to Ireland

07

Tionchar a Imirt ar Bheartas Poiblí agus ar Chleachtas Fianaise-bhunaithe

Freastalóimid ar an Rialtas ar fad chun tionchar níos mó a bhaint amach ó thaobh beartais agus cleachtais de ón gcóras taighde, ag obair leis na hearnálacha éagsúla a léiríonn dea-chleachtas sa réimse sin agus ag foghlaim uathu. Beimid inár gcomhairleoir iontaofa don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, do Ranna Rialtais eile, agus do Chomhairleoir Eolaíochta an Rialtais trí thaighde a leabú i gceapadh beartas agus trí thacú le forbairt earnála poiblí níos nuálaí. Oibreoimid le Ranna Rialtais aonair chun tacú lena n-uaimhian taighde agus í a éascú.

Déanfaimid an obair seo trí thacaíochtaí a sholáthar agus trí naisc a chothú idir an Rialtas, cleachtóirí beartais, úsáideoirí deiridh agus an pobal taighde.

08

Léargas ar Chóras Taighde agus Nuálaíochta Fianaise-bhunaithe a Sholáthar

Cruthóimid aonad meitea-thaighde laistigh de Thaighde Éireann chun feidhm faisnéise beartais náisiúnta agus “inchinn straitéiseach” a sholáthar d’Éirinn. Trí chomhoibriú straitéiseach ar fud an chórais agus tagarmharcáil idirnáisiúnta agus bailiú fianaise, tacóimid le hÉirinn an méid ceart infheistíochta i dtaighde a dhéanamh chun bheith ina geilleagar iomaíoch ar fud an domhain ina mbeidh ardchaighdeán beatha i gcónaí. Le teacht le chéile meiteashonraí taighde, uirlisí IS, agus meiteashonraí paitinne, cuirtear deis iontach ar fáil d’Éirinn. Déanfaimid idirbheartaíocht chruinn maidir le comhpháirtíochtaí nua agus déanfaimid naisc, ag baint leas as meitea-thaighde chun tionchar ár bpunainne maoinithe a mhéadú, soláthar ár seirbhísí a neartú, agus ár dtairiscintí a mheaitseáil ar bhealach níos fearr le riachtanais an phobail taighde.

09

Taighde Rannpháirteach a Fheabhsú chun Sochaí na hÉireann a Neartú

Déanfaidh Taighde Éireann an bhaint a bhíonn ag ár dtaighde maoinithe leis an bpobal a athshamhlú, chun sochaí na hÉireann a **neartú**. Cuirfimid feabhas ar an rannpháirtíocht phoiblí chun taighde rannpháirteach a áireamh, rud a mhéadóidh muinín an phobail i dtaighde agus a léireoidh a luach sa saol laethúil chomh maith le hábharthacht agus tionchar an taighde féin a mhéadú. A bhuí leis an muinín sin, déanfar dúshlán na mífhaisnéise a cheistiú agus cuirfidh sí le comhtháthú agus athléimneacht shochaíoch níos fearr.



4.2.2 Comhpháirtíochtaí

Chun cur chuige dírithe ar chomhpháirtíocht a chur chun feidhme, agus chun oibriú go díreach le córas taighde agus nuálaíochta na hÉireann, rachaidh Taighde Éireann i mbun comhairliúcháin réamhghníomhach lenár bpáirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach.

Chun tacú leis an leibhéal méadaithe comhairliúcháin sin, bunóimid comhairle nua, i gcomhréir leis an reachtaíocht, chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don ghníomhaireacht agus don Bhord.¹⁷ Oibreoidh an chomhairle sin i gcomhar le líonra de phríomhpháirtithe leasmhara ar fud an tsaoil acadúil, an tionscail agus na sochaí sibhialta.

Is é rún na comhairle a chinntiú go mbeidh dáimh ag Taighde Éireann leis na páirtithe leasmhara agus go n-éistfidh siad leo, go mbeidh tionchar réamhghníomhach aige ar ghairmeacha agus ar straitéisí chun an tionchar a uasmhéadú, agus go bhfuil sé i mbun comhpháirtíochta go héifeachtach. Beidh an chomhairle ina comhairle chomhairleach ach cuirfidh sí sásra ar fáil le haghaidh aiseolas leanúnach, cuirfidh sí cultúr feabhsaithe leanúnaigh chun cinn, agus cinnteoidh sí plé rialta agus eolasach.

Soláthróidh an chomhairle comhairle chuiditheach maidir leis an dóigh is fearr is féidir le Taighde Éireann, i gcomhthéacs agus faoi shrianta, freastal ar Éirinn agus ar an bpobal taighde. Lena chois sin, cuideoidh an chomhairle le Taighde Éireann le tuiscint a fháil ar ról an taighde maidir le feabhas a chur ar an iomaíochas, agus ar an dóigh a bhféadfadh ár ngairmeacha agus tionscnaimh mhaoiniúcháin tacú le taighde aistriúcháin agus forbairt fheabhsaithe tallainne ar gach conair go dtí an tionchar.

Comhairle Chomhairleach: Beidh réimse páirtithe leasmhara ar an gcomhairle, lena n-áirítear:

- Taighdeoirí éagsúla de réir réimse, céime agus institiúide, lena n-áirítear taighdeoirí idirnáisiúnta.
- Ionadaithe ó IDC agus ó fhiontair Éireannacha (lena n-áirítear fiontair shóisialta).
- Fiontraithe agus infheisteoirí caipitil fiontair.
- Cleachtóirí beartais, agus ionadaithe ó na pobail chultúrtha agus shibhialta.



Chomh maith leis an gcomhairle chomhairleach, geallaimid comhar agus comhoibriú láidir le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha. Trí cheannaireacht agus comhoibriú, bunóidh Taighde Éireann sásraí rannpháirtíochta agus comhpháirtíochta níos foirmiúla agus níos rialta leis na príomh-mhaoinitheoirí taighde agus nuálaíochta in Éirinn. Sainaitheoimid réimsí deise chun oibriú le chéile ar chomhpháirtíochtaí maoiniúcháin agus ar thionscnaimh chomhlántacha chomh maith le feabhsuithe ar fud an chórais.

Aithnímid go háirithe an tábhacht a bhaineann leis an gcaidreamh idir Taighde Éireann, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta,, agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha, lena n-áirítear maoinitheoirí taighde agus nuálaíochta eile.

- **An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta**, Comhoibreoimid go dlúth leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ar go leor gníomhaíochtaí, agus ról ceannródaíoch againn i gcur chun feidhme Ráiteas Straitéise na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, i soláthar *Tionchar 2030*, agus ag obair ar fud an Rialtais. I measc samplaí tá comhoibriú ar ghníomhaíochtaí an Limistéir Thaighde Eorpaigh, slándáil taighde (leis an Údarás um Ardoideachas), agus soláthar bonneagair taighde.

- **An tÚdarás um Ard-Oideachas:** Déanaimid gealltanais maidir le rannpháirtíocht chuiditheach agus caidreamh oibre comhoibríoch dearfach a dhíreofar, *inter alia*: ar thaighde uile-oileáin; athnuachan bhonneagar taighde na hÉireann;

tábhacht an taighde a chur in iúl; agus sonraí agus staidreamh maidir le feidhmíocht an chórais taighde agus nuálaíochta a roinnt.

- **Fiontraíocht Éireann:** Oibreoimid go comhoibríoch le chéile chun taighde agus nuálaíocht a úsáid chun táirgiúlacht, iomaíochas, athléimneacht agus inbhuanaitheacht cuideachtaí Éireannacha a neartú agus chun píblíne láidir mac-chuideachtaí inscálaithe ón taighde a fhorbairt i gcomhpháirt.
- **GFT Éireann:** Úsáidfimid taighde agus nuálaíocht chun infheistíocht fhadtéarmach isteach a neartú, nuálaíocht cheannródaíoch san earnáil phríobháideach a mhéadú, agus comhpháirtíochtaí taighde príobháideacha poiblí a fhorbairt.





1.0 | Achoimre Fheidhmeach

2.0 | Réamhrá

3.0 | Téamaí Tionchair

4.0 | An Chonair go dtí an Tionchar

5.0 | Aguisín





4.3 Ag Ceangal go hIdirnáisiúnta

Tá infheictheacht láidir idirnáisiúnta, comhpháirtíochtaí agus nascacht ríthábhachtach chun daoine, cuideachtaí, maoiniú agus infheistíocht a mhealladh go hÉirinn. Le timpeallacht gheopholaitiúil dhomhanda atá ag athrú agus an tábhacht shuntasach atá ag méadú maidir le comhoibriú taighde ar fud an Aontais agus ar fud an domhain, éilítear ar Thaighde Éireann naisc dhomhanda nua a chruthú agus comhpháirtíochtaí atá ann cheana a neartú. Cuirfimid an tallann agus an bonn taighde den scoth atá in Éirinn ar taispeáint go hidirnáisiúnta agus sainaitheoimid deiseanna straitéiseacha nua náisiúnta agus Eorpacha d'Éirinn, rud a chuirfidh leis na láidreachtaí atá ann cheana. Cuirfidh sé sin le dea-cháil dhomhanda na hÉireann mar cheann scríbe ceannródaíoch don taighde agus don nuálaíocht.

Tá ár Straitéis Idirnáisiúnta bunaithe ar chúig cholún:

An Eoraip

Comhpháirtithe Idirnáisiúnta

Earcaíocht Idirnáisiúnta

Taidhleoireacht Trádála agus Taighde

Soghluaisteacht

01

An Eoraip Beidh Taighde Éireann ina cheap lainseála don rath san Eoraip. Oibreoimid leis an bpobal taighde agus nuálaíochta chun tarraingt anuas an mhaoinithe ó Chlár Réime na hEorpa faoin gclár reatha Fís Eorpach agus na cláir roimhe sin ó 2028 ar aghaidh a bharrfheabhsú agus féachfaimid le hiomaíochas na hÉireann maidir le maoiniú mar sin a mhéadú.¹⁸ Faoin gclár Fís Eorpach, tugtar an deis do Thaighde Éireann bheith chun tosaigh maidir le rath náisiúnta laistigh den cholún na hEolaíochta dne Scoth, go háirithe an Chomhairle Eorpach um Thaighde, Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie, agus tacú le rochtain ar Eagraíochtaí Taighde Idirnáisiúnta. I gcás inar gá, comhoibrímid ar fud na hEorpa chun an scála is gá le haghaidh taighde den scoth a sholáthar.

Oibreoimid i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus le cláir ábhartha Fís Eorpach chun tacaíocht mhéadaithe a fháil chun go mbeifear ábalta ár dtaighde maoinithe a aistriú go héifeachtach. Díreoimid ar shruthanna maoinithe Eorpacha breise chun tacú le tionscnaimh uailmhianacha nua mar a baineadh amach roimhe seo do na Moil ARC agus don Chiste Dúshlán Náisiúnta.¹⁹ Glacfaimid páirt i gcomhpháirtíochtaí iltaobhacha, rud a mhéadóidh rannpháirtíocht agus tionchar na hÉireann laistigh de thimpeallacht T&N an Aontais agus a thabharfaidh aghaidh ar dhúshlán a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo.



02

Comhpháirtithe Idirnáisiúnta: Tá comhoibriú agus comhar acadúil agus fiontraíochta thar theorainneacha náisiúnta ina sainghnéithe i gcóras T&N an lae inniu. Tá an gá comhar trasteorann straitéiseach a chruthú ag méadú fós do phobail T&F i dtíortha níos lú. Bainfidh tábhacht leis an gcaidreamh agus na comhpháirtíochtaí rathúla le Tuaisceart Éireann á bhforbairt, ár gcaidreamh uathúil leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe á choinneáil ar bun. Mar shampla, na Comhionaid idir Éirinn, Tuaisceart Éireann, agus an Ríocht Aontaithe, chomh maith leis an gclár comhpháirtíochta T&F fadbhunaithe idir SAM, Éirinn agus Tuaisceart Éireann.²⁰ Comhordóimid cuairteanna staidéir rialta lena chinntiú go leanfaimid lenár n-uailmhianta agus struchtúir a tagarmharcáil i gcoinne an dea-chleachtais idirnáisiúnta.

03

Earcaíocht Idirnáisiúnta: Earcóimid taighdeoirí atá iomaíoch ar fud an domhain ag gach céim ghairme go hÉirinn, ag baint úsáid as cláir ar nós *Global Talent Ireland*, agus clár earcaíochta idirnáisiúnta forbartha.²¹ Trí theagmháil spriocdhírithe agus cumarsáid straitéiseach, cuirfimid Éire chun cinn mar cheann scríbe ceannródaíoch le haghaidh taighde atá iomaíoch ar fud an domhain.

04

Taidhleoireacht Trádála agus Taighde Tá ról tábhachtach ag an eolaíocht agus ag an taighde in éagsúlú margaidh na hÉireann. I gcomhréir leis na straitéisí náisiúnta *Plean Gníomhaíochta Rialtais maidir le hÉagsúlú an Mhargaidh* agus *Saoránaigh Dhomhanda 2030*, úsáidfimid taighde agus nuálaíocht chun tacú le fás mhargadh na hÉireann. Áireofar leis an obair sin an acmhainneacht foireann Thaighde Éireann a chomhlonnú i bpríomhshuíomhanna idirnáisiúnta agus deiseanna comhpháirtíochta a shainaithint idir deontais mhórsála Thaighde Éireann agus comhghleacaithe idirnáisiúnta. Samhlaíonn Taighde Éireann freisin gur uirlis den scoth é an taighde chun naisc agus caidreamh nua a chothú le tíortha a bhfuilimid ag iarraidh naisc níos doimhne a bhunú leo. Oibreoimid ar fud an Rialtais agus príomhghníomhaireachtaí chun ailíniú a dhéanamh agus chun príomhdheiseanna a shainaithint.

05

Soghluaisteacht: Le soghluaisteacht, socrúcháin agus iasachtaí taighdeoirí idirnáisiúnta, treisítear scileanna, líonraí agus deiseanna gairme taighdeoirí atá lonnaithe in Éirinn. A bhuí leis an obair sin, beidh taighdeoirí atá lonnaithe in Éirinn ábalta cuairt a thabhairt ar thaighdeoirí eile thar lear agus taighdeoirí idirnáisiúnta a thabhairt go hÉirinn le haghaidh cuairteanna taighde, rud a thabharfaidh saineolas cuimsitheach ábhair go hÉirinn.





4.4 Cur Chun Feidhme

4.4.1 Eagraíocht den Scoth

Ag Taighde Éireann, tá ár bhfoireann lárnach maidir leis ár n-uaimhian a bhaint amach i ndáil le córas taighde agus nuálaíochta a bhfuil cáil idirnáisiúnta air a fhorbairt. Agus muid ag obair chun tallann den scoth a mhaoiniú ar fud an tírdhreacha taighde náisiúnta, táimid tiomanta chomh maith céanna d'infheistíocht a dhéanamh i bhfoireann Thaighde Éireann – ag tacú lena bhfás, lena bhfolláine agus lena bhforbairt ghairmiúil.

Trí chultúr comhoibríoch, cuimsitheach, solúbtha agus ardfheidhmíochta a chothú, cumasaímid an fhoireann oibriú i gcomhpháirtíocht leis an gcóras taighde níos leithne, comhoibriú fiontar a spreagadh, agus cumas nuálaíochta na hÉireann a fheabhsú. Chun tacú tuilleadh lenár ndaoine agus lenár misean, forbróimid samhail oibriúcháin a lena gcuirfear ar

chumas ár bhfoirne déanamh go maith agus oiriúnú do dhúshláin atá ag teacht chun cinn. Ní hamháin gur maoir iad ar an straitéise iad ár ndaoine – is catalaigh iad dá rath, agus nuálaíocht, comhtháthú agus tionchair á spreagadh ar gach leibhéal.

Cuirfimid béim faoi leith ar ár bhfoireann

- Ag obair go dlúth le Ranna Rialtais agus ag tacú leo a riachtanais taighde agus beartais a chomhlíonadh.
- Feabhsú a chur ar rannpháirtíocht straitéiseach leis an Údarás um Ardoideachas agus leis na IAOanna chun clár oibre taighde agus nuálaíochta na tíre a sholáthar.
- Caidreamh díreach níos láidre a chothú leis an tionscal, le hinfheisteoirí, agus le gníomhaireachtaí stáit eile (e.g., Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, maoinitheoirí taighde eile) chun

comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a fheabhsú, chun tacú le gnólachtaí dúchasacha, chun infheistíocht dhíreach choigríche a mhéadú, agus chun leanúnachas tacaíochta ón taighde bunúsach luathchéime go dtí an margadh a chinntiú.

- Ag obair go réamhghníomhach le taighdeoirí agus le cláir mhórsála, dul i gcomhpháirtíocht chun tionchar a uasmhéadú, roimh dhámhachtain maoinithe, lena linn agus ina diaidh.
- Úsáid a bhaint as sonraí inmheánacha, saineolas agus teicneolaíochtaí (e.g., IS freagrach) chun deiseanna agus sineirgí laistigh dár bpunann agus eatarthu a shainaithint agus a mhéadú agus chun léargas a sholáthar do ghníomhaíochtaí amach anseo, rud a uasmhéadóidh éifeachtúlachtaí agus tionchar. Leis an treo nua sin, cumhachtófar foireann Thaighde Éireann, méadófar

a n-infheictheacht, a n-acmhainní agus a gcumas, agus cuirfear luach leis an gcóras taighde agus nuálaíochta, rud a uasmhéadóidh tionchar an taighde a mhaoinímid ar deireadh.

Trí “Phlean Daoine” inmheánach, oibreoidimid leis an bhfoireann chun luachanna comhroinnte, cultúr comhroinnte, agus bealaí oibre nua éifeachtacha, dinimiciúla agus nuálacha a chomhfhorbairt agus a leabú.

Féachaimid le héifeachtúlachtaí a bhaint amach agus oibríochtaí a chuíchóiriú chun acmhainneacht Thaighde Éireann a uasmhéadú, ag baint úsáid as teicneolaíocht, lena n-áirítear IS freagrach, chun próisis a nuachóiriú agus oibríochtaí a luathú.



4.4.2 Rath a Thomhas

Cuirfear an straitéis uailmhianach sin chun feidhme thar na blianta 2026–2030. Cé go gcuirfear tús le go leor gníomhaíochtaí láithreach, cuirfear tús le cuid de na gníomhaíochtaí níos déanaí i saolré na straitéise.

Déanfaidh Taighde Éireann monatóireacht ar an gcur chun feidhme straitéiseach agus ar fheidhmíocht trí:

- **Príomhtháscairí feidhmíochta:**
I ndáil le gach téama tionchair thuas agus déantar monatóireacht air dhá uair in aghaidh na bliana.



- **Tuairisciú Bliantúil:** Rianú trédhearcach feidhmíochta agus torthaí.
- **Feabhsú feidhmíochta:**
 - Déanfaimid athbhreithniú ar an nGníomhaireacht i lár an timthrialla cúig bliana lena chinntiú go leanfaimid orainn ag feidhmiú mar eagraíocht a dhéanann tagarmharcáil i gcoinne na gcaighdeán idirnáisiúnta is fearr agus go n-aithníonn na piareagraíochtaí í mar cheannaire smaointeoireachta.
 - Geallaimid athbhreithniú rialta agus neamhspleách a dhéanamh ar ár gclár um maoiniú, a dtionchar a mheasúnú agus iad a mhodhnú chun an tionchar a uasmhéadú.
 - Geallaimid staidéar iomlán tionchair eacnamaíoch a dhéanamh ar ár n-infheistíocht taighde.
 - Cuirfimid measúnú agus smaointeoireacht tionchair i bhfeidhm mar ghné lárnach dár samhail oibriúcháin, ag tosú tionscnamh an chláir.

5.0

Aguisín



5.0 Aguisín

Príomhstraitéisí agus Príomhleananna Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Straitéisí Náisiúnta Rialtais

Plean Gníomhaíochta maidir le hlomaíochas agus Táirgiúlacht

Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide

Ráiteas Straitéise DFHERIS 2026–2030

Saoránaigh Dhomhanda 2030 – Straitéis Tallainne agus Nuálaíochta na hÉireann

Plean Gníomhaíochta Rialtais maidir le hÉagsúlú an Mhargaidh

Tionchar 2030 – Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann

Plean Náisiúnta Rochtana: Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Chothroime Rochtana, Rannpháirtíochta agus Ratha san Ardoideachas 2022-2028

Creat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta

Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025

Creat Pleanála Náisiúnta Thionscadal Éireann 2040

Straitéis Speisialtóireachta Cliste 2022–2027

An Measúnú Riosca Náisiúnta 2024

Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte

Páipéar Bán maidir le Fiontraíocht

Straitéisí Earnála Rialtais

AI – Here for Good: Straitéis Náisiúnta Intleachta Saorga d'Éirinn, Athnuachan, 2024

Tithe a Sholáthar Pobail a Chruthú 2025–2030

Fís Bia 2030 – Ceannaire Domhanda i gCórais Bia Inbhuanaithe

Leas a Bhaint as Digitú – Creat Éire Digiteach

Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn

Plean Gníomhaíochta Bithgheilleagair na hÉireann 2023–2025

Straitéis Taighde um Meabhairshláinte

Rathúnas a Chumhachtú – Straitéis Thionsclaíoch um Ghaoth Amach ón gCósta na hÉireann

Quantum 2030 – Straitéis Náisiúnta Teicneolaíochtaí Candamacha d'Éirinn

Silicon Island: Straitéis Náisiúnta Leathsheoltóirí na hÉireann

Neamhfhulaingt: An Tríú Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2022-2026



5.0 Aguisín

Príomhstraitéisí agus Príomhleananna Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Gníomhaireachtaí Eile

Fiontraíocht Éireann – An Straitéis um Sheachadadh d’Éirinn, Chun Tosaigh ar Fud an Domhain 2025–29

Plean Straitéiseach Corparáideach HEA 2023–2026

GFT Éireann – Oiriúnaigh go Cliste: Straitéis le haghaidh Fás agus Nuálaíocht Inbhuanaithe 2025–2029

Taighde Éireann

Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024–2027

Straitéis Sheachtrach um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) 2023–2028

An tAcht um Thaighde agus Nuálaíocht, 2024

AE/Idirnáisiúnta

An Limistéar Eorpach Taighde

Fís Eorpach, FP 10

Tuarascáil Draghi ar Iomaíochas an Aontais

Eile

Ionad Bairr Feabhais um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Comhrialtas chun Measúnú Taighde a Chur Chun Cinn

Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Thaighde Oscailte

Dearbhú San Francisco maidir le Measúnú Taighde

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine



5.1 Aguisín

Tairiscint Chláir (Táscach)

Áirítear sa rannán seo croíchláir agus croíthionscnaimh fhéideartha lena mbreithniú tuilleadh ag Taighde Éireann. Tháinig raon leathan smaointe chun cinn ón gComhairliúchán Taighde Éireann; tá na smaointe sin fós faoi réir tuilleadh taiscéalaíochta, anailíse, comhairliúcháin agus maoinithe. Tá sampla táscach ar fáil anseo. Clúdaíonn roinnt tionscnamh níos mó ná téama tionchair amháin ach chun críocha léirithe sanntar iad do chatagóir amháin.

Tionchar Téama	Croí- Chlár				
Tallann		Cláir PhD (bliantúil)	Cláir faoi stiúir Taighdeora (bliantúil)	Bonneagar Taighde (rialta)	Earcaíocht Idirnáisiúnta (rialta)
Geilleagar		Ionaid Taighde (gach 4 bliana)	Comhpháirtíochtaí Tionscail (rialta)	Fiontraíocht / Tráchtálú (rialta)	
An tSochaí		Taighde do Bheartas (rialta)	Taighde Rannpháirteach (bliantúil)		



5.1 Aguisín

Tairiscint Chláir (Táscach)

Tionchar Téama	Croí-Chlár	Deis do Thionchar Feabhsaithe	Tionscnamh Ionchasach Nua*	Tairbhí Spriocdhírithe
Tallann	Cláir PhD (bliantúil)	An bonn tallainne náisiúnta a fhás, ag méadú rathúlachta i gcolún bairr feabhas an chláir Fís Eorpach.	Méadú ERC	Trí thacú le hiarratais ERC den scoth nach bhfuil maoinithe mar gheall ar an mbuiséad a bhí ar fáil, is féidir linn an t-ualach ar phiar-athbhreithneoirí a laghdú agus níos mó iarratais ERC a spreagadh.
	Taighdeoirí Taighdeoirí (bliantúil)	Feabhas a chur ar nascacht taighde agus ar chomhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara, rud a spreagfaidh tionchar sochaíoch agus aistriú eolais.	Clár Ollaimh Cleachtais	Trí Chlár nua Ollaimh Cleachtais, is féidir linn sreabhadh daoine ó earnálacha éagsúla, e.g. earnálacha cultúir, gnó agus infheistíochta, chuig ár bpobal taighde ardoideachais a fheabhsú.
	Beartú Tosaíochta Taighde (rialta)	Scileanna inaistrithe / PhDanna T-chruthacha a fhorbairt, ag tacú le haistriú eolais.	Múnla Socrúcháin PhD+1	Trí bhliain bhreise PhD a mhaoiniú, is féidir linn aistriú smaointe agus daoine araon chuig an tionscal, beartas poiblí, nó an tsochaí shibhialta a fheabhsú.
	Idirnáisiúnta Earcaíocht (rialta)	Athrú ó bhonn ar soláthar bonneagair taighde.	Clár Bonneagair Taighde Inspire (le DFHERIS & HEA)	Feabhas a chur ar mhaoiniú bonneagair taighde ar scálaí éagsúla, chun taighde atáiomáoch ar fud an domhain a éascú.
		Líonraí taighde agus nuálaíochta a mhéadú, rud a chuirfidh borradh faoi nuálaíocht a bhaineann le disciplíní agus faoi ghairmeacha taighdeoirí.	Líonraí taighdeoirí	Gníomhachtú an phobail taighde trí ailíniú taobh thiar de chláir oibre comhchruthaithe.

* Tháinig réimse leathan smaointe chun cinn as Comhairliúchán Thaighde Éireann; tá iniúchadh á dhéanamh fós ar na smaointe sin. Níl ach sampla curtha ar fáil anseo. Clúdaíonn roinnt tionscnamh níos mó ná téama tionchair amháin.



5.1 Aguisín

Tairiscint Chláir (Táscach)

Tionchar Téama	Croí-Chlár	Deis do Thionchar Feabhsaithe	Tionscnamh Ionchasach Nua*	Tairbhí Spriocdhírithe
Geilleagar	Beartú Tosaíochta Taighde (gach 4 bliana)	Cruthú cuideachtaí agus sreabhadh déileálacha a spreagadh le haghaidh infheistíocht caipitil fiontair amach anseo, ag méadú líon na mac-chuideachtaí infheistithe.	Clár Náisiúnta um Ghníomhachtú Mac-Chuideachtaí	Trí luasaire náisiúnta mac-chuideachta a bhunú is féidir linn córas tacaíochta lárnach den scoth a sholáthar dár dtaighdeoirí fiontraíochta.
	Comhpháirtíochtaí Comhpháirtíochtaí (rialta)	Tacú le comhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta príobháidí poiblí ar scála mór ar scála bunathraitheach idirnáisiúnta, rud a leabóidh IDC san fhadtéarma agus a mhéadóidh infheistíocht isteach.	Comhpháirtíocht Gníomhaireachtaí Fiontraíochta ar scála	Trí chomhpháirtíocht le GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann is féidir linn cur chuige comhchoiteann cuíchóirithe i leith na tionsclaíochta a éascú chun tairiscint iomlánaíoch taighde agus nuálaíochta a sholáthar.
	Fiontraíocht/Tráchtálú (rialta)	Foirmeacha éagsúla acmhainne taighde, inniúlachta, cumas aistriúcháin taighde a sholáthar, rud a spreagfaidh tionchar ar scála idirnáisiúnta.	RPO Neamhspleách	Trí iniúchadh a dhéanamh ar fhiúntais eagraíochta neamhspleách a dhéanann taighde, is féidir linn a chinntiú go mbeidh an meascán ceart de sholáthar taighde agus nuálaíochta ar fáil chun na tionchair is fearr agus is féidir a bhaint amach d’Éirinn.

* Tháinig réimse leathan smaointe chun cinn as Comhairliúchán Thaighde Éireann; tá iniúchadh á dhéanamh fós ar na smaointe sin. Níl ach sampla curtha ar fáil anseo. Clúdaíonn roinnt tionscnamh níos mó ná téama tionchair amháin.



5.1 Aguisín

Tairiscint Chláir (Táscach)

Tionchar Téama	Croí-Chlár	Deis do Thionchar Feabhsaithe	Tionscnamh Ionchasach Nua*	Tairbhí Spriocdhírithe
An tSochaí	Taighde do Bheartas (rialta)	Dea-chleachtas idirnáisiúnta (e.g., DARPA, SPRIND, agus ARIA) a chur i bhfeidhm ar thaighde atá dírithe ar mhisean ar scála mór, rud a fheabhsóidh ceapadh beartas agus sochaí na hÉireann	Cur chuige miseanbhunaithe ar scála mór	Chun samhlacha nua infheistíochta taighde a chruthú a dhírítear ar dheiseanna ar féidir leo deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta a fheabhsú d’Éirinn.
	Taighde Beartú Tosaíochta (bliantúil)	Léargas a fhorbairt ar an gcóras taighde agus nuálaíochta poiblí chun láidreachtaí náisiúnta a shainaithint agus ár n-infheistíocht a ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta, cinnteoireacht straitéiseach fhreagrach agus solúbtha a spreagadh, láidreachtaí náisiúnta a shainaithint, cinntí infheistíochta a fheabhsú, agus bróicéireacht a mhéadú agus a fheabhsú.	Ciste Meitea-thaighde	Agus ár sonraí taighde á n-úsáid againn, is féidir linn léargas nua a fháil ar láidreachtaí taighde agus nuálaíochta na hÉireann ar féidir leo cuidiú le cláir agus gairmeacha nua a dhearadh agus a éascú.
		Samhail chuí a fhorbairt agus a mhaoiniú d’lonad/ tionscnamh bunaithe ar EDES ar scála níos mó, rud a fhorbróidh scála comhoibríoch san earnáil seo lena n-uasmhéadófar an tionchar sochaíoch agus cultúrtha d’Éirinn agus go hidirnáisiúnta.	Tionscnamh faoi stiúir EDES ar Scála Mór	Is féidir le tionscnamh bunaithe ar EDES cuidiú lenár bpobal EDES a nascadh le chéile trasna institiúidí agus disciplíní éagsúla, leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara níos leithne sa chóras Taighde agus Nuálaíochta, agus an mhais chriticiúil agus na n-acmhainní a chuideoidh le feabhas a chur ar an tionchar comhchoiteann ón bpobal sin á soláthar.

* Tháinig réimse leathan smaointe chun cinn as Comhairliúchán Thaighde Éireann; tá iniúchadh á dhéanamh fós ar na smaointe sin. Níl ach sampla curtha ar fáil anseo. Clúdaíonn roinnt tionscnamh níos mó ná téama tionchair amháin.



5.1 Aguisín

Tairiscint Chláir (Táscach)

Tionchar Téama	Croí-Chlár	Deis do Thionchar Feabhsaithe	Tionscnamh Ionchasach Nua*	Tairbhí Spriocdhírithe
An tSochaí	Taighde do Bheartas (rialta)	Cur chuige an-éifeachtach is ea tacaíochtaí tionchair spriocdhírithe do na tionscadail is rathúla agus is ábhartha chun tacú le tionchar a chur i gcrích	Ciste scaipthe	Cuimseofar aistriú eolais, tráchtálú fiontar sóisialta, sintéis chun críocha beartais, giniúint mac-chuideachtaí, agus cumarsáid fhoriomlán torthaí. Iniúchadh a dhéanamh ar chomhlántacht agus dúbláil le comhpháirtithe amhail tionscnaimh Fhiontraíocht Éireann a sheachaint.
	Taighde Beartú Tosaíochta (bliantúil)	Tús áit thabhairt do Chleachtais Ghlasa Taighde agus tacú leo ar fud na dtimpeallachtaí taighde uile atá maoinithe go poiblí ar fud na tíre trí dhul chun cinn ar scála institiúideach maidir le deimhniú inbhuanaithe, dul chun cinn a luathú, deiseanna tráchtála a shainaithint, agus earnáil taighde inbhuanaithe a chruthú.	Ciste um Thaighde a Ghlasú	Is féidir le Taighde Éireann a bheith chun tosaigh maidir lena chinntiú go bhfuil ár gcleachtais taighde ailínithe agus ceannródaíoch go hidirnáisiúnta chun inbhuanaitheacht comhshaoil na hearnála a chinntiú.

* Tháinig réimse leathan smaointe chun cinn as Comhairliúchán Thaighde Éireann; tá iniúchadh á dhéanamh fós ar na smaointe sin. Níl ach sampla curtha ar fáil anseo. Clúdaíonn roinnt tionscnamh níos mó ná téama tionchair amháin.



5.2 Aguisín

Athrú ó Bhonn ar chóras Taighde agus Forbartha na hÉireann

Tábla faisnéise d’Fhíor 2. Léiríonn na sonraí aschuir bhliantúla

	Achar	Méadracht	Then	Now
	Cáilíocht Taighde	Foilseacháin sa 10% is fearr (in aghaidh an mhilliúin duine)	126	653
	Infheistíocht in T&F	Ollchaiteachas ar Thaighde & Forbairt(milliún euro)	1,176	8,099
	Comhoibriú Acadúil-Tionscail	Foilseacháin le comhoibrithe acadúla-corporáideacha (in aghaidh an mhilliúin den daonra in aghaidh na bliana)	35	282
	T&F acadúil maoinithe ag an Tionscal	Infheistíocht ghnó in T&F san Ardoideachas (milliún euro in aghaidh na bliana)	22	44
	PhDanna go hInfheistíocht Tionscail	Taighdeoirí ag a bhfuil cáilíocht PhD atá fostaithe san earnáil ghnó (in aghaidh na bliana)	370	1,160
	Beartas ina luaitear Acadóirí	Doiciméid bheartais ina luaitear foilseacháin scolártha ó Éirinn (in aghaidh na bliana)	103	7,223



5.3 Appendix

List of Abbreviations

EDES: Na hEalaíona, na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta

AI: Intleacht Shaorga

ARC: Ardtaighde agus Tráchtálú

ARIA: Gníomhaireacht um Thaighde agus Aireagáin Ardleibhéil

CGTF: Caiteachas Gnó ar T&F

CeADAR: Ionad um IS agus Anailísíocht Sonraí Feidhmeacha

DARPA: Gníomhaireacht um Thionscadail Ardtaighde Cosanta

RGET: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta: Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta

EDI: Comhionannas, Éagsúlacht, agus Cuimsiú

ECR: An Chomhairle Eorpach um Thaighde

AE: An tAontas Eorpach

IDC: Infheistíocht Dhíreach Choigríche

CRTF: Caiteachas an Rialtais ar T&F

GDP: Olltáirgeacht Intíre

HEA: An tÚdarás um Ard-Oideachas

IAOnna Institiúidí Ardoideachais ²²

CAOTF: Caiteachas Ardoideachais ar T&F

HRB: Bord Árachas Sláinte

IDA: An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail

IRC: An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

PTF: Príomhtháscaire Feidhmíochta

MIT: Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts

MNCs: Corparáidí Ilnáisiúnta

MSCA: Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie

OTM: Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan

NIBRT: An Institiúid Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Oiliúint Bithphróiseála

CNC: Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

ENRanna: Eagraíochtaí Neamhrialtasacha

PhD: Dochtúir Fealsúnachta

T&F: Taighde agus Forbairt

TFI: Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht

T&N: Taighde agus Nuálaíocht

RPO: Eagraíocht a Dhéanann Taighde

SFI: Fondúireacht Eolaíochta Éireann

FBManna: Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide

SPRIND: Gníomhaireacht Chónaidhme na Gearmáine um Nuálaíocht Shuaiteach

SSPC: Synthesis and Solid State Pharmaceutical Centre

TCD: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

OT: Ollscoil Teicneolaíochta

UCC: An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

COBÁC: An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

UL: Ollscoil Luimnigh



5.4 Aguisín

Tagairtí

- 1 FTá Fíor 3a bunaithe ar an méid seo a leanas: Plean Gníomhaíochta maidir le hlomaíochas agus Táirgiúlacht, Rialtas na hÉireann, Meán Fómhair 2025. <https://enterprise.gov.ie/en/publications/publication-files/action-plan-on-competitiveness-and-productivity.pdf>
- 2 BERD = Caiteachas Gnó ar Thaighde agus Forbairt; GERD = Caiteachas Rialtais ar T&F. GERD de réir Earnáil Feidhmíochta agus Foinse na gCistí, Eurostat agus na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, Feabhra 2026. https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/rd_e_gerdfund/default/table?lang=en
- 3 HERD = Caiteachas Ardoideachais ar Thaighde agus Forbairt. GERD de réir Earnáil Feidhmíochta agus Foinse na gCistí, Eurostat agus na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, Feabhra 2026. https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/rd_e_gerdfund/default/table?lang=en
- 4 OTI = Olltáirgeacht Intíre. An Scórchlár Eorpach Nuálaíochta, an Coimisiún Eorpach, 2025. https://research-and-innovation.ec.europa.eu/statistics/performance-indicators/european-innovation-scoreboard_en
- 5 Todhchaí an Iomaíochais Eorpaigh: Tuarascáil ó Mario Draghi, an Coimisiún Eorpach, 2025. https://commission.europa.eu/topics/competitiveness/draghi-report_en#paragraph_47059
- 6 Léargas ar Thaighde Domhanda: China, Springer Nature. <https://stories.springernature.com/global-research-pulse-china/index.html>
- 7 An Creat Eolaíochta agus Teicneolaíochta, an Roinn Eolaíochta, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta, Aibreán 2025. <https://www.gov.uk/government/publications/science-and-technology-framework/science-and-technology-framework>
- 8 An tAcht Taighde agus Nuálaíochta 2024, Leabhar Reachtanna na hÉireann, Meitheamh 2024. <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2024/act/15/enacted/en/html>



5.4 Appendix

References

- 9 Nó cáilíocht eile de chuid an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) Leibhéal 10. An Creat Náisiúnta um Cháilíochtaí, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, 2021. <https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/national-framework-of-qualifications>
- 10 Fís Eorpach, an Coimisiún Eorpach. https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe_en
- 11 €750 milliún de Phacáiste Infheistíochta Bonneagair Taighde INSPIRE seolta ag an Aire Lawless, DFHERIS, 2025. <https://www.gov.ie/en/department-of-further-and-higher-education-research-innovation-and-science/press-releases/minister-lawless-launches-750m-inspire-research-infrastructure-investment-package/>
- 12 Áirítear leis an gClár Ionad Taighde Feabhsaithe maoiniú níos fadtéarmaí (8 mbliana), agus béim á coinneáil ar chorpáidí ilnáisiúnta agus rannpháirtíocht bhreise ó FBManna á héascú, agus tá na hionaid uile idir-institiúideach ar scála náisiúnta níos mó.
- 13 Seachadadh d'Éirinn, Chun Tosaigh ar Fud an Domhain: Straitéis 2025-2029, Fiontraíocht Éireann, 2025. <https://www.enterprise-ireland.com/documents/enterprise-ireland-strategy-2025-2029-en-152674.pdf>
- 14 Sainmhínítear doiciméid bheartais mar ábhair arna scríobh go príomha ag lucht ceaptha beartas nó le haghaidh lucht ceaptha beartas, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta dóibh) tuarascálacha, treoirlínte, páipéir oibre, coimrí beartais agus páipéir bhána arna dtáirgeadh ag rialtais, comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí idir-rialtasacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus meithleacha machnaimh. Overton, Open Policy Limited, 2026. <https://www.overton.io>
- 15 Cláir NWO le haghaidh taighde bunaithe ar fhiosracht; Bunús Féideartha le haghaidh Dáileadh Buiséid, Rathenau Institute, 2024. <https://www.rathenau.nl/en/how-science-system-works/nwo-programmes-curiosity-driven-research>
- 16 Cathaoirligh na bPainéal Athbhreithnithe Piaráí ERC, an Chomhairle Eorpach um Thaighde, 2025. <https://erc.europa.eu/system/files/2025-07/Panel-Chairs-ERC-Advanced-Grant-2025.pdf>
- 17 Alt 19 agus 20 den Acht Taighde agus Nuálaíochta 2024, Leabhar Reachtanna na hÉireann, Meitheamh 2024. <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2024/act/15/enacted/en/html>



5.4 Appendix

References

- 18 Fís Eorpach, an Coimisiún Eorpach. https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe_en
- 19 Clár Mhoil ARC, Taighde Éireann, 2026. <https://www.researchireland.ie/funded-research/arc-hub-programme/>

Foirne Dúshláin, Taighde Éireann, 2026. <https://www.researchireland.ie/funded-research/challenge-teams>
- 20 Clár Comhpháirtíochta T&F SAM-Éire, Taighde Éireann, 2026. <https://www.researchireland.ie/funding/us-ireland/Dfhogair-an-tAire-Harris-Statruna-Donelan-agus-an-Runa-Buan-Godfrey-70-milliun-dIonaid-Taighde-DFHERIS-2024>
- 21 Global Talent Ireland, Taighde Éireann, 2026. <https://www.researchireland.ie/funding/global-talent-ireland>
- 22 Institiúidí Ardoideachais, an tÚdarás um Ard-Oideachas. <https://hea.ie/higher-education-institutions/>
- 23 Mapping the World's Tech Ecosystems, Dealroom.co. <https://dealroom.co/>



5.5 Aguisín

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Aithníonn Taighde Éireann go bhfuil comhionannas agus cearta an duine i gcroílár ár seirbhíse, de réir Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Déanfaimid an méid seo a leanas:

- **Measúnú** – Déanfaimid measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine, a bhaineann lenár bhfeidhmeanna.
- **Plé** – Sainithneoidimid na gníomhaíochta/beartais/pleananna atá beartaithe againn a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a shainaithnítear le linn chéim an mheasúnaithe.

Déanfar na gníomhaíochtaí sin agus aird á tabhairt ar na páirtithe leasmhara atá i gceannas ar iarratais ar dheontais Thaighde Éireann, i gcomhthéacs straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Thaighde Éireann atá le teacht go príomha. Beidh foireann Taighde Éireann san áireamh sna gníomhaíochtaí chomh maith.

